Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023

Clár 2022

Leanaí ag súgradh leis an gCros Dhearg le linn an Chogaidh Chathartha, INDH211
Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Clár an Ábhair

Intreoir ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán 3

Focal ó Chathaoirleach an tSainghrúpa do na Cuimhneacháin Chéad Bliain 4

Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022 5

- Cuspóirí an Chláir
- Téamaí an Chláir
- Sraitheanna an Chláir

SRAITH NA SEARMANAIS STÁIT 9

SRAITH STAIRIÚIL 12

SRAITH AN PHOBAIL 38

SRAITH NA SAMHLAÍOCHTA CRUTHAITHÍ 52

Teagmhálacha agus foinsí tábhachtacha

Íomhá Chlúdaigh:
Daoine ar na céanna ag féachaint ar léigear na gCeithre Cúirteanna i mí an Mheithimh 1922
Grianghraf le caoinchead ó Chomhairle Contae Fhine Gall

Intreoir

Tá an-áthas orm Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022 a fhoilsiú. Anuraidh, d'fhógair an Rialtas cur chuige trí bliana maidir le forbairt an chláir chomórtha do thréimhse dheiridh Dheich mBliana na gCuimhneachán (2021-2023).

Leagtar sraith cuspóirí agus téamaí lárnacha amach sa chur chuige seo atá mar bhunús lenár gClár arís i mbliana, bunaithe ar chomhairle agus ar threoirphrionsabail ón Sainghrúpa Comhairleach do Chuimhneacháin Chéad Bliain. Táim an-bhuíoch díobh as a gcuid tacaíochta agus maoirseachta leanúnaí le linn na tréimhse casta seo dár gcuid staire.

Tugann castacht na gcuimhneachán seo deis dúinn mar mhuintir atá tar éis teacht in aibíocht machnamh a dhéanamh ar roinnt de na cuimhneacháin agus na téamaí dúshlánacha a bhain le 1922 lena n-áirítear cogadh uafásach cathartha. Is féidir linn breathnú ar na himeachtaí seo le súile úra agus muid ag fáil tacaíochta ó shaibhreas scoláireachta agus gréasán saibhir acmhainní - ceann de na torthaí is fearr ar Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán.

I mbliana, cuirfidh ár bhForas Náisiúnta Cultúir cláir thaispeántais spreagúla i láthair arís, cuirfidh siad rochtain phoiblí saor in aisce chun cinn ar thaifid nach bhfacthas riamh roimhe seo, agus réachtálfaidh siad gníomhaíochtaí for-rochtana nuálaíocha chun plé a spreagadh ar bhunfhoinsí agus chun cabhrú linn scéalta casta a insint ar bhealaí nua agus spéisiúla. Breathnóidh ár bpobail chultúrtha agus ealaíne ar théamaí, ar dhaoine aonair agus ar imeachtaí 1922 atá fite fuaite ina chéile agus léireofar iad i saothar nua, a spreagfaimid chun ár ndearcthaí a scrúdú agus a mheasúnú. Cabhróidh ár n-institiúidí acadúla agus ár líonra de staraithe áitiúla linn breathnú go hoibiachtúil ar na himeachtaí a tharla ar bhealach neamhbhreithiúnach agus cuirfidh siad deiseanna ar fáil le haghaidh díospóireachtaí barántúla. Leanfaidh ár gcomhpháirtithe údaráis áitiúil ag forbairt cláir spreagúla, nuálaíocha agus ómósacha a inseoidh scéalta tábhachtacha áitiúla agus a leanfaidh ar aghaidh ag cur ceannaireacht áitiúil ríthábhachtach ar fáil lena chinntiú go ndéantar téamaí deacra a bhainistiú go híogair agus go measúil. Aithnítear gurb é an t-údarás áitiúil is fearr chun cinneadh a dhéanamh faoi cad atá oiriúnach dá cheantar áitiúil i bhfianaise na staire agus an tsaineolais áitiúil, agus chun cinntí a dhéanamh maidir le tionscnaimh chomórtha. Leanfaimid ag obair lenár gcomhpháirtithe luachmhara go léir chun ábhar saibhir ar líne a sholáthar chun a chinntiú go gcuirtear eolas cruinn agus barántúil ar fáil saor in aisce do chách.

Mholfainn do gach duine féachaint ar an gClár agus páirt a ghlacadh ann ar bhealach fiúntach agus measúil. Tugann sé deis dúinn léargas nua a fháil ar na himeachtaí a tharla in 1922, atá ábhartha fós – agus a ghoilleann ar dhaoine áirithe fós – fiú amháin sa lá atá inniu ann. Tréimhse thragóideach ab ea é an cogadh cathartha ar ár mbealach chun náisiúnachas a bhaint amach. Ní féidir linn neamhaird a dheanamh do na himeachtaí a tharla agus níor cheart dúinn déanamh amhlaidh – cuimhnímid ar na himeachtaí léanmhara seo le meon an athmhuintearais agus i ndilchuimhne orthu siúd a fuair bás le linn na tréimhse. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a d'oibrigh go díograiseach ar an gClár seo. Le linn na bliana leanfaimid ar aghaidh ag cur leis an réimse leathan tionscnamh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Grúpa Comhairliúchán Uile-Pháirtí an Oireachtais do na Cuimhneacháin Chéad Bliain chomh maith a chuir fóram tacúil ar fáil chun plé a dhéanamh ar na ceisteanna a ardaíonn an tréimhse seo. Is linne go léir scéal náisiún na hÉireann agus mar a dúirt mé cheana, tá sé de fhreagracht orm mar Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a chinntiú go ndéantar comóradh ar an tréimhse chasta seo inár gcuid staire le clár oiriúnach, fiúntach, comhréireach agus íogair, a aithníonn bunús gach traidisiún agus a bhfuil meas aige orthu agus ar bharántúlacht stairiúil.

Catherine Martin, TD
An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Focal ó Chathaoirleach an tSainghrúpa do na Cuimhneacháin Chéad Bliain

Ba ar imeachtaí Éirí Amach 1916 a bhí an chéad tréimhse de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán bunaithe. Ní mór a rá gur chuir rannpháirtíocht, samhlaíocht, cruthaíocht agus mórtas an phobail iontas mór orainn agus iniúchádh a dhéanamh ar ár gcuid staire, go mór mór laistigh de phobail, scoileanna agus teaghlaigh áitiúla. Léirigh an comóradh céad bliain go bhfuil muintir na hÉireann tar éis teacht in aibíocht agus go bhfuil siad sásta iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid staire.

Táimid anois i mbliain leathdheireanach Dheich mBliana na gCuimhneachán – agus tuigeadh dúinn go ngoillfeadh an bhliain chómortha chasta seo ar go leor daoine. D'aithníomar na dúshláin atá os ár gcomhair agus muid ag tabhairt faoin obair, agus leanfaimid leis an gcomóradh ar imeachtaí maidir le bunú an Stáit agus tragóid an chogaidh chathartha a stiúradh.

Le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán, léirigh muintir na hÉireann go soiléir dúinn conas ba mhaith leo go gcuimhneofaí ar na himeachtaí seo – le macántacht, ionracas, meas agus anailís fhíorasach. Ba mhaith le daoine a bheith in ann an t-eolas agus an fhianaise maidir leis na himeachtaí stairiúla a tharla a mheas agus teacht ar a gconclúidí féin. Leanann scoláireacht, taighde nua, agus féachaint ar fhoinsí i gcartlanna náisiúnta agus áitiúla de bheith ina dtacaíochtaí fíor-riachtanacha do gach duine agus comóradh á dhéanamh acu ar na himeachtaí ar a mbealaí féin.

Ar iarratas ón Taoiseach a bhí ann ag an am, Enda Kenny, nuair a bhunaigh sé an Sainghrúpa Comhairleach do Chuimhneacháin Chéad Bliain in 2012, d'fhoilsíomar treoirphrionsabail a raibh mar aidhm acu struchtúr tacúil a sholáthar chun cabhrú le gach duine a bhfuil baint acu le comóradh, ar leibhéal náisiúnta, contae nó pobail. Ba í an phríomhthosaíocht a bhí againn ná a chinntiú go bhfuil na himeachtaí stairiúla a bhfuil cuimhneamh le déanamh orthu bunaithe ar chlár comórtha atá barántúil, cruinn, fiúntach, measúil agus inrochtana.

Is comhpháirtithe iontacha iad ár n-údaráis áitiúla i gclár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Spreagann agus tacaíonn a maoirseacht mhachnamhach chúramach le cuimhneachán barántúil fiúntach, le tuiscint i leith dhearcthaí agus phobail áitiúla. Beidh an cheannaireacht láidir áitiúil seo luachmhar agus muid ag tabhairt faoi chuimhneacháin dhúshlánacha céad bliain i rith na bliana. Ghlac na páirtithe leasmhara anseo agus thar lear páirt go díograiseach, go huaillmhianach agus go tuiscineach. Cuimsíonn an clár comórtha do 2022 éagsúlacht shaibhir tionscnamh – gach ceann díobh coimeádta go cúramach chun spás a chruthú inar féidir le daoine a bheith saor chun plé a dhéanamh ar a gcuid staire, ag machnamh ar thábhacht agus ar oidhreacht na n-imeachtaí a tharla céad bliain ó shin.

Tá an t-athmhuintearas i gcroílár chlár comórtha an Stáit do 2022 ach, mar a thug mé faoi deara cheana, éilíonn an t-athmhuintearas an gá, i measc rudaí eile, aghaidh a thabhairt ar an mbrón, ar an mbrúidiúlacht agus ar an gcrá croí a bhain le gníomhartha a rinneadh le linn na coinbhleachta céad bliain ó shin. Inár gcomhairle don Rialtas in 2019, mholamar gurb é 'tasc an Stáit ná atmaisféar machnamhach agus muinteartha a spreagadh a aithníonn nach raibh na hainghníomhartha nó an bua le haon taobh ar leith agus bhí sé seo fíor maidir le focail chomh maith le gníomhartha'.

I ngach rud a dhéanaimid, tá freagracht orainn uile leanúint lenár n-aistear comórtha, lena chastachtaí go léir, ar bhealach macánta, comhbhách agus measúil; ag cinntiú go bhfuil an teanga a úsáidimid cineálta, measúil agus cruinn; agus meon oscailte, cuimsitheach, flaithiúil agus comhoibritheach na gcuimhneachán ar éirigh chomh maith sin leo le blianta beaga anuas a chosaint trínár ngíomhartha. Bheadh sé seo ar cheann de na torthaí is fearr ar Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Dr Maurice Manning
Cathaoirleach an tSainghrúpa Comhairleach doChuimhneacháin Chéad Bliain

Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022

Déanfaidh an Stát comóradh ar chuimhneacháin thábhachtacha in 2022.

Déanfar comóradh ar na cuimhneacháin thábhachtacha seo a leanas i measc eile:

- Bunú an Stáit, a bhreathnófar air mar phróiseas seachas imeacht amháin agus ina ndéanfar comóradh ar dhá imeacht thábhachtacha;
  - Tabhairt ar Lámh Chaisleán Bhaile Átha Cliath (Eanáir 2022); agus
  - bunú foirmiúil Shaorstát Éireann (Nollaig 2022)
- An Cogadh Cathartha
- Scrios Oifig na dTaifead Poiblí i gcéad chomhrac an Chogaidh Chathartha. Seolfar Thar 2022 Amach roimh chomóradh céad bliain an scriosta ar an 30 Meitheamh
- Bunú fhorais éagsúla de chuid Shaorstát Éireann

Sa tréimhse dhúshlánach seo de Dheich mBliana na gCuimhneachán, beidh sé mar aidhm ag an Rialtas atmaisféar tomhaiste, measúil agus ionchuimsitheach a chruthú a spreagann an pobal chun plé a dhéanamh ar stair na tréimhse seo trí thionscnaimh shamhlaíocha agus spéisiúla. Cuideoidh an cur chuige seo le tuiscint níos géire a chothú ar chomhthéacs na linne agus glacadh le tuairimí éagsúla ar ár stair chomhroinnte agus tá sé mar aidhm aige cur le síocháin agus athmhuintearas ar fud oileán na hÉireann.

Tá an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán freagrach as comhordú agus forbairt chlár cuí uile-rialtais a threorú chun comóradh a dhéanamh ar imeachtaí suntasacha staire a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán. Tá an cur chuige bunaithe ar phrionsabail a leag Sainghrúpa Comhairleach do Chuimhneacháin Chéad Bliain amach ina Ráiteas Tosaigh (a foilsíodh sa bhliain 2012), a Dara Ráiteas (a foilsíodh sa bhliain 2017) agus ina threoir ó shin (a foilsíodh i mí Eanáir 2019).

Déanann an tAire cathaoirleacht chomh maith ar an nGrúpa Comhairliúcháin Uile-Pháirtí do Chuimhneacháin Chéad Bliain maidir le pleananna an Rialtais i leith an Chláir. Fóram fónta atá sa Ghrúpa chun plé a dhéanamh ar réimse leathan tuairimí agus bhí sé ina chuidiú mór leis an gClár seo.

Sa bhliain 2022, táimid leath bealaigh trí chlar deiridh trí bliana Dheich mBliana na gCuimhneachán. Tá na téamaí agus na smaointe céanna i gcodanna den Chlár ach athraítear iad go caolchúiseach gach bliain chun cuimhneamh a dhéanamh ar chuimhneacháin chéad bliain ar leith ar bhealaí éagsúla. Tugtar léargas ar na téamaí seo thíos.

Is toradh ar chomhoibriú ar fud an Rialtais é Clár 2022, leis na Forais Náisiúnta Cultúir, le hinstitiúidí léinn, le húdaráis áitiúla, le comhpháirtithe ealaíne agus cultúir agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile. Tugann sé léargas ar an tréimhse agus forbrófar é i rith na bliana de réir mar a thagann smaointe agus comhpháirtithe nua chun cinn agus de réir chuspóirí Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2021-2023.

> **“Cuideoidh an cur chuige seo le tuiscint níos géire a chothú ar chomhthéacs na linne agus glacadh le tuairimí éagsúla ar ár stair chomhroinnte agus tá sé mar aidhm aige cur le síocháin agus athmhuintearas ar fud oileán na hÉireann”**

Saighdiúirí de chuid na Breataine ag ceannach torthaí sula bhfágann siad Éire
Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Aidhmeanna an Chláir

Tá sé mar aidhm ag Clár an Rialtais cur chuige ionchuimsitheach, measúil, barántúil, tomhaiste agus comhairleach a chur chun cinn i leith na gcuimhneachán, a spreagann tuiscint níos fearr ar chomhthéacs na linne, ag tabhairt aitheantais do dhearcthaí éagsúla ar ár stair chomhroinnte agus ag iarraidh cur le síocháin agus athmhuintearas ar oileán na hÉireann.

Tá cur chuige an Rialtais bunaithe ar phrionsabail a leag Sainghrúpa Comhairleach do Chuimhneacháin Chéad Bliain amach ina Ráiteas Tosaigh (a foilsíodh sa bhliain 2012), a Dara Ráiteas (a foilsíodh sa bhliain 2017) agus ina threoir ina dhiaidh sin (a foilsíodh i mí Eanáir 2019).

Nasc chuig Ráiteas Tosaigh an tSainghrúpa Comhairleach:
https://www.decadeofcentenaries.com/wp-content/uploads/publications/Initial/Initial/index.html

Nasc chuig Dara Ráiteas Prionsabal (Ráiteas Misin don Dara Tréimhse):
https://www.decadeofcentenaries.com/wp-content/uploads/publications/Mission2017-23/Mission2017-23/index.html

Nasc chuig Treoir an tSainghrúpa Comhairleach don Dara Tréimhse (2018-2023):
https://www.decadeofcentenaries.com/wp-content/uploads/publications/Guidance2018/Guidance2018/index.html

Seo a leanas cuspóirí Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán do gach duine a ghlacann páirt sa phróiseas comórtha, cuspóirí nár athraíodh ó thús an Chláir:

- Díriú ar théamaí athmhuintearais agus ar chuimhne ar na daoine a fuair bás le linn na tréimhse seo;
- Tuiscint níos fearr ar imeachtaí suntasacha stairiúla sa tréimhse seo a chur chun cinn, ag aithint gur eascair scéalta agus cuimhní éagsúla as eispéiris chomhroinnte stairiúla sna blianta sin;
- Athmhachnamh a spreagadh ar na féiniúlachtaí, na traidisiúin agus na dearcthaí éagsúla atá mar chuid d'eispéireas iomlán stairiúil na hÉireann;
- Freagairt go tuisceanach don chomhthéacs stairiúil áitiúil, ag aithint nach raibh aon taithí aonfhoirmeach laistigh de chontaetha ná ar fud oileán na hÉireann; agus
- Leanúint le cur chuige comhairleach oscailte a chur chun cinn maidir le cuimhneacháin, a chuireann le síocháin agus athmhuintearas ar fud oileán na hÉireann. Príomhghné den athmhuintearas is ea dlisteanacht na dtraidisiún uile ar an oileán a aithint a tharraingíonn a bhféiniúlacht agus a gcomhchuimhneamh ónár stair chomhroinnte.



NOTICE OF POLLING STATIONS

COUNTY CONSTITUENCY OF DUBLIN

ELECTION OF SIX MEMBERS TO SERVE IN THE PROVISIONAL PARLIAMENT.

POLL TO BE TAKEN ON FRIDAY, the 16th DAY OF JUNE, 1922.

I, the undersigned, being the Returning Officer for the County Constituency of Dublin, HEREBY GIVE NOTICE that the situation of the several Polling Stations in that portion of the Constituency (formerly known as PEMBROKE) and the description of Voters entitled to vote at each in the Election of Six Members to serve in the Provisional Parliament for the said Constituency are as follows:

DISTRICT	POLLING STATION	BOOTH	UNIT	
Dundrum	Carnegie Library, Dundrum	No. 1	Dundrum	1 to 451
		2	Dundrum & Milltown	452 to 839
		3	"	844 to 1362
		4	"	1363 to 1944
Ticknock	National Schools, Sandyford	1	Dundrum	1 to 91
Rathfarnham	National Schools, Ballyboden Road	1	Rathfarnham	1 to 438
		2	"	439 to 912
	Carnegie Library, Whitechurch	1	Whitechurch	918 to 1269
		2	"	1270 to 1646
Pembroke East	Town Hall, Ballsbridge	1	Pembroke East	1 to 175
				177 to 442
		2	"	443 to 890
		3	"	891 to 1332
Harbour	National Schools, Thorncastle Street, Ringsend	4	"	1333 to 1662
		1	"	1 to 394
		2	"	395 to 849
		3	"	850 to 1191
		4	"	1192 to 1646
		5	"	1647 to 1987
		6	"	1988 to 2328
		7	"	2329 to 2707
Sandymount	National Schools, Sandymount Rd.	1	"	1 to 492
		2	"	493 to 935
		3	"	936 to 1379
		4	"	1380 to 1795
Beaver, Donnybrook, Roebuck	National Schools, Beaver Row	1	Dundrum	1 to 101
				1 to 210
Pembroke West	Technical Schools, Shelbourne Rd.	1	Pembroke West	1 to 481
		2	"	482 to 816
		3	"	817 to 1252
		4	"	1253 to 1574
		5	"	1575 to 1909
		6	"	1910 to 2357
		7	"	2358 to 2787
		8	"	2788 to 3204
		9	"	3205 to 3544
Beggars' Bush	National Schools, Northumberland Road	1	"	1 to 391
		2	"	392 to 839
		3	"	840 to 1278
		4	"	1279 to 1721
		5	"	1722 to 2204
Donnybrook	National Schools, Belmont Avenue	1	"	1 to 389
		2	"	390 to 726
		3	"	727 to 1063
		4	"	1064 to 1400
		5	"	1401 to 1859

Dated this 7th day of June, 1922.

RICHARD ARMSTRONG,
RETURNING OFFICER.

Browne & Nolan, Ltd., Printers, Dublin.

Fógra maidir le stáisiúin vótála do thoghcháin mhí an Mheithimh 1922
Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Téamaí an Chláir

Tá na téamaí leathana seo a leanas bunaithe ar Threoir ón Sainghrúpa Comhairleach do Chuimhneacháin Chéad Bliain mar a foilsíodh in Eanáir 2019. Tá de chuspóir leo go mbeidís ina gcabhair ag comhpháirtithe agus ag páirtithe leasmhara maidir lena gcuid tionscnamh agus tionscadal a fhorbairt agus go spreagfaidís leanúnachas ó thaobh cur chuige maidir le clár a fhorbairt faoi stiúir pobal a gceadófaí solúbthacht agus léiriú cruthaitheachta. Sa bhliain 2022, táimid leath bealaigh trí chlar trí bliana dheireanacha Dheich mBliana na gCuimhneachán. Seo a leanas téamaí 2022:

1

Machnamh - Comóradh agus machnamh faoi stiúir pobal; cuimhne ar oidhreachtaí, ar phearsantachtaí, ar áiteanna, ar imeachtaí agus ar théamaí áitiúla a bhfuil tábhacht ar leith leo laistigh de chontaetha, de pharóistí agus de phobail.

2

Cuimhne - Cuimhne mheasúil, íogair agus neamhpháirtíneach ar na daoine a d'fhulaing agus na daoine a maraíodh le linn na tréimhse idir 1921 agus 1923.

3

Críochdheighilt na hÉireann - Iniúchadh a dhéanamh ar thionchar agus ar oidhreacht na n-imeachtaí a tharla i rith na tréimhse ar na pobail a bhí ina gcónaí ar an teorainn nua-bhunaithe agus níos faide amach.

4

Éire agus an Domhan Mór - Iniúchadh ar an ngné idirnáisiúnta, lena n-áirítear naisc áitiúla, imirce agus ról diaspóra na hÉireann sna himeachtaí a tharla le linn tréimhse na réabhlóide. Ina theannta sin, iniúchadh a dhéanamh ar fhorais uile-oileáin tar éis na críochdheighilte.

5

Taithí na mBan - Iniúchadh a dhéanamh ar thaithí na mban le linn na tréimhse seo agus ar an bpáirt a ghlac siad leis na himeachtaí a tharla, a ról athraitheach sa tsochaí san áireamh.

6

Ordú Nua a Bhunúr -

- Iniúchadh ar thábhacht athchóiriú an rialtais áitiúil agus ar forbairt struchtúir nua polaitíochta agus riaracháin ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil;
- Bunú institiúidí éagsúla Shaorstát Éireann (lena n-áirítear an Státseirbhís, Óglaigh na hÉireann, Na Gardaí Síochána, breithiúna, agus seirbhísí cúirteanna);
- Bonneagar nua a fhorbairt (iompar, cumarsáid, seirbhís poist);
- Leanúint leis an traidisiún parlaiminteach – iniúchadh ar na daoine mór le rá agus na ceisteanna áitiúla a bhaineann le toghcháin le linn na tréimhse seo, e.g. olltoghcháin 1922 agus 1923; agus
- Breathnú chun cinn ar an bpróiseas chun náisiún a atógáil – machnamh ar leigheas, deisiú agus atógáil i ndiaidh an Chogaidh Chathartha – daoine, pobail agus áiteanna.

7

Sochaí a raibh athrú ag teacht uirthi le linn na tréimhse seo, i measc na n-athruithe sin bhí:

- Gluaiseacht an lucht oibre agus easumhlaíocht shibhialta;
- Gluaiseachtaí móra sóisialta, cultúrtha agus cathartha;
- Aicme shóisialta agus inscne;
- An Ghaeilge;
- Ceist na Talún;
- Tábhacht an spóirt i bpobail le linn na tréimhse seo;
- An fhreagairt dhaonnúil sa tréimhse idir 1921 agus 1923;
- Eispéiris na ndaoine in Éirinn le linn na tréimhse seo a d'aithneodh inniu mar chuid de phobal LADTA+;
- Eispéiris na ngrúpaí mionlaigh eitneacha in Éirinn le linn na tréimhse seo; agus
- Nuálaíocht agus forbairtí i réimsí na talmhaíochta, an tionscail, na heolaíochta, na tráchtála, na sláinte, an leighis agus an oideachais.

8

Smaointeoireacht chruthaitheach agus na healaíona - filíocht, litríocht, ceol, drámaíocht agus na foirmeacha ealaíne eile, 1921 – 1923.

Sraitheanna an Chláir

D'fhonn cuspóirí an chláir a bhaint amach agus creat a chur ar fáil do chur chuige bunaithe ar théamaí, tá ceithre shraith théamatacha sa chur chuige chun Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán do 2021–2023 a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích:

SRAITH NA SEARMANAIS STÁIT

Searmanais shiombaileacha comórtha náisiúnta atá i Sraith na Searmanais Stáit a dhíríonn ar théamaí cuimhneacháin agus athmhuintearais agus ar chomóradh ar na daoine a fuair bás le linn na tréimhse seo.



SRAITH STAIRIÚIL

Réimse leathan gníomhaíochtaí atá sa tSraith Stairiúil a dhíríonn ar fhiosrúchán barántúil maidir leis an tréimhe seo a chothú agus úsáid bhunfhoinsí cartlainne a spreagadh. Forbrófar tionscnaimh i gcomhar le comhpháirtithe Stáit, leis na Forais Náisiúnta Cultúir, le hinstitiúidí léinn agus le páirtithe leasmhara eile.

SRAITH AN PHOBAIL

Cur chuige comhoibríoch a bheidh i Sraith an Phobail idir an Stát, líonra na n-údarás áitiúil agus eagraíochtaí pobail, le Tuaisceart Éireann san áireamh de réir mar is cuí.



SRAITH NA SAMHLAÍOCHTA CRUTHAITHÍ

Leanfaidh Sraith na Samhlaíochta Cruthaithí ag spreagadh léiriú ealaíonta agus cruthaitheach i gcuimhne ar imeachtaí suntasacha a tharla sna blianta idir 1921 agus 1923 agus ar na daoine ar fad a fuair bás sa tréimhse.

1 Sraith na Searmanais Stáit

Molann an Sainghrúpa Comhairleach na searmanais fhoirmiúla Stáit seo a leanas a reáchtáil in 2022:

- Searmanas Stáit chun comóradh a dhéanamh ar aistriú na cumhachta agus ar thabhairt ar lámh Chaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 16 Eanáir 1922.
- Déanfar comóradh foirmiúil ar gach duine a fuair bás le linn an Chogaidh Chathartha níos déanaí in 2022.

Díreoidh na searmanais shiombalacha comórtha náisiúnta seo ar théamaí an chuimhneacháin agus an athmhuintearais. Eagróidh Roinn an Taoisigh na himeachtaí seo le tacaíocht de réir mar is cuí ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ranna eile.

Eagróidh údaráis áitiúla cuimhneacháin ar imeachtaí suntasacha eile ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Michael Collins, Kevin O'Higgins agus W.T. Cosgrave ag fágáil Chaisleán Bhaile Átha Cliath tar éis do na Breatanaigh riail na hÉireann a thabhiart ar lámh ar an 16 Eanáir 1922. Cashman, Joseph, 1881-1969, grianghrafadóir NPA CIVP4- Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Comhdháil chun comóradh a dhéanamh ar Thabhairt ar Lámh Chaisleán Bhaile Átha Cliath, ar an 14 agus an 15 Eanáir 2022

i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Oifig na nOibreacha Poiblí. Dhírigh an chomhdháil ar an uair a thug an Rialtas Sealadach an Caisleán ar lámh agus gach rud a bhain leis sin. Dúradh i gcéad fhorógra an Rialtais Shealadaigh gur 'tugadh Caisleán Bhaile Átha Cliath ar lámh bhaill Rialtas Sealadach na hÉireann ar 1:45 inniu'. Is le náisiún na hÉireann é anois'. Chaith an Cogadh Cathartha scáil ar na himeachtaí a tharla ar an 16 Eanáir 1922, ach léirigh an chomhdháil bheoshruthaithe seo a reáchtáladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath tábhacht stairiúil an lae sin nuair a tugadh an Caisleán ar lámh rialtas na hÉireann.

Thar dhá lá, rinne cainteoirí iniúchadh ar chuid de na frithghníomhartha láithreacha, na hiarmhairtí a samhlaíodh, agus na himpleachtaí a bhí ag an athrú suntasach seo ar lár na cumhachta. Pléadh comhthéacs an aistrithe i bpáipéir agus i ndíospóireachtaí, agus na freagairtí in Éirinn, sa Bhreatain agus níos faide i gcéin, ar an imeacht seo 'nuair a tháinig deireadh leis an an sean-réimeas', mar a dúirt The Irish Times.

SRAITH NA SEARMANAIS STÁIT

Reáchtáladh searmanas Stáit chun comóradh a dhéanamh ar aistriú na cumhachta agus thabhairt ar lámh Chaisleán Bhaile Átha Cliath Dé Domhnaigh, 16 Eanáir 2022 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, agus bhí an tUachtarán, an Taoiseach agus Óglaigh na hÉireann i láthair.

Reáchtálfar comóradh foirmiúil do na daoine go léir a fuair bás le linn an Chogaidh Chathartha níos déanaí in 2022

Reáchtálfar Searmanas Stáit i gcuimhne orthu siúd go léir a fuair bás le linn an Chogaidh Chathartha ar dháta neodrach (dáta le deimhniú) agus díreofar ar théamaí cuimhneacháin agus athmhuintearais. Roinnfear sonraí an imeachta seo sna seachtainí atá romhainn.

Comhdháil Náisiúnta ar Chogadh Cathartha na hÉireann, 15-18 Meitheamh 2022

Óstálfaidh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh comdháil acadúil náisiúnta chun comóradh a dhéanamh ar an gCogadh Cathartha idir an 15 agus 18 Meitheamh 2022. Cuirfidh an imeacht ceithre lá seo fóram ar fáil chun gnéithe éagsúla den choinbhleacht idir 1922 agus 1923 a phlé. Roinnfidh níos mó ná 100 scoláire ó raon disciplíní a mbreithiúnais agus a dtuairimí feasacha ar Chogadh Cathartha na hÉireann. Déanfar plé leathan sa chomhdháil seo atá maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar na gnéithe den Chogadh a dhéantar díospóireacht fúthú go minic. Tá sé beartaithe, faoi réir chomhairle sláinte poiblí, go mbeidh an chomhdháil ar siúl ar champas stairiúil Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus go mbeidh rochtain oscailte ag an bpobal uirthi. Tá maoirseacht á déanamh ag coiste acadúil náisiúnta ar an gcomhdháil agus cuirfidh sé clár poiblí éagsúil imeachtaí ar fáil i lár chathair Chorcaí chomh maith leis an ngné acadúil - lena n-áirítear léachtaí tráthnóna, taispeántais, agus turais shiúlóide in áiteanna éagsúla.

Saighdiúirí, Geata Shráid an Pháláis, Caisleán Bhaile Átha Cliath, The Independent Newspapers (Éire) Bailiúchán le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Mórshiúl na nGardaí, Caisleán Bhaile Átha Cliath le Rose Barton, Grianghraf 1894 le Davison & Associates, le caoinchead Oifig na nOibreacha Poiblí

2 An tSraith Stairiúil

Tá cur chuige an Stáit go dtí seo maidir le Deich mBliana na gCuimhneachán bunaithe ar mheon an ionracais, na cuimsitheachta agus na comhpháirtíochta. Cuideoidh an Roinn le cláir shamhlaíocha agus eolasacha a fhorbairt agus a chomhordú a chothaíonn spéis an phobail ar bhealaí nua agus a spreagann agus a thugann treoir do shaoránaigh maidir leis an tionchar a bhí ag an ré cinniúnach seo i stair na tíre a mheas agus a thuiscint.

Leanfaimid ag cuidiú le tionscnaimh a spreagann taighde leanúnach agus rochtain oscailte pobail ar fhoinsí barántúla staire, lena n-áirítear foinsí cartlainne, taighde agus scoláireacht áitiúil.

Buachaill cosnochta agus claíomh aige ó Bheairic Chathair Chorcaí. HOGW 24
Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Machnamh 100 - Machnamh Comorthá Céad Bliain Uachtarán na hÉireann

Is tionscnamh de chuid an Uachtarán Mhichíl D. Ó hUiginn é Machnamh 100 a thógann ar an obair chuimsitheach atá déanta aige go dtí seo ar Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Is téarma ársa Gaeilge é an focal 'Machnamh' a chuimsíonn meabhrú, marana agus smaoineamh. Le linn 2021, d'óstáil an tUachtarán Ó hUiginn sraith seimineár, a spreag machnamh ar Chogadh na Saoirse, ar Chaibidlíochtaí an Chonartha, ar an gCogadh Cathartha agus ar Chríochdheighilt na hÉireann faoi raon téamaí.

Thug scoláirí ó chúlraí éagsúla agus le raon dearcthaí léargas ar chomhthéacs agus imeachtaí na tréimhse sin céad bliain ó shin a raibh tionchar ollmhór aici agus ar nádúr an chuimhneacháin féin. Seo a leanas teidil chéad cheithre seimineár Mhachnamh:

- ***Challenges of Public Commemoration*** (4 Nollaig 2020)
- ***Empire: Instincts, Interests, Power and Resistance*** (25 Feabhra 2021)
- ***Land, Social Class, Gender and the Sources of Violence; Recovering ReImagined Futures*** (27 Bealtaine 2021)
- ***Settlements, Schisms and Civil Strife*** (25 Samhain 2021)

Is féidir teacht orthu go léir anseo.

Earrach 2022 - Bealtaine

An cúigiú seimineár Constitutional, Institutional and Diplomatic Foundations: Déanfar iniúchadh ar bhonn bunreachtúil na hÉireann – i gcomhthéacs comparáideach/stádas fearainn agus impireachta. Déanfar machnamh freisin ar ionadaíocht agus ar na 'daoine', ar roghnú na gcórais toghcháin éagsúla – do Shaorstát Éireann agus do riarachán Thuaisceart Éireann, impleachtaí an rogha sin, agus coincheap agus deacracht na 'mionlach' i leagan amach nua na stát a bunaíodh i ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Déanfar machnamh ag an seimineár freisin ar 'an gcuideachta cheart a choinneáil': Saorstát na hÉireann ag tógáil áite i gcóras míshocair caidrimh idirnáisiúnta (Conradh na Náisiún, An Eagraíocht Idirnáisiúnta Oibre), freagairt dhiaspóra na hÉireann don 'ord' bunreachtúil nua in Éirinn le linn 2021/22, agus mná i mBunreacht 1922 agus i réimse poiblí Shaorstát nua na hÉireann. .

Fómhar 2022 - Deireadh Fómhair

Déanfaidh an séú seimineár, Acts of Commemoration: Pride, Pain and Perspective, iarracht raon leathan dearcthaí a chur in iúl – lena n-áirítear scoláirí agus smaointeoirí ó dhisciplíní éagsúla, chomh maith le teoiriceoirí cultúrtha, léirmheastóirí sna hamharcealaíona agus sna healaíona cruthaitheacha i gcoitinne – ceol, scannánaíocht agus litríocht ina seánraí éagsúla.

Is féidir féachaint ar na seimineár saor in aisce ar https://president.ie/en/media-library/ video agus Seinnteoir RTÉ.

Machnamh 100 Uachtarán na hÉireann, Machnamh Comórtha Céad Bliain Imleabhar 1 (Seminars 1 – 3) ar fáil ar www.president.ie.

An Cros Dhearg ag obair i sráidbhaile gar don Fhronta Thiar Theas le linn Chogadh Cathartha na hÉireann Tag: HOG96, Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

(Cashman 94) An Cogadh Cathartha. Grianghraf de na Ceithre Chúirteanna, 1922, ina dtaispeántar bearna a rinne airtléire an tSaorstáit sa bhalla tosaigh, ó na céanna theas. Íomhá le caoinchead Ard-Mhúsaem na hÉireann. HE:EWP.69

Thaifid Fhíorúla na hÉireann

Taisclann Thaifid Fhíorúla na hÉireann i mí an Mheithimh 2022, céad bliain tar éis na tine tubaistí a scrios Taisclann Thaifid Phoiblí na hÉireann agus a bhailiúcháin chartlainne, osclófar Taisclann Thaifid Fhíorúla na hÉireann don phobal ar líne. Trí thaithí thumtha Web3D, beidh cuairteoirí ar líne in ann dul isteach arís i seomra álainn léitheoireachta Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann, mar a bhí sé ar an oíche roimh a scriosta, agus a bhailiúcháin athchóirithe a iniúchadh.

Is toradh é Taisclann Thaifid Fhíorúla na hÉireann ar chlár taighde cúig bliana dar teideal 'Thar 2022 Amach', atá maoinithe ag an Stát. Faoi stiúir taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, tugann an clár imscrúdú stairiúil, caomhnú cartlainne, agus nuálaíocht theicniúil le chéile chun an chartlann a cailleadh ar an 30 Meitheamh 1922, i gcéad chomhrac an Chogaidh Chathartha a athshamhlú agus a athchruthú, trí theicneolaíochtaí digiteacha.

Infheistíocht atá sa tionscadal oidhreachta Stáit seo, a sheolfar i mí an Mheithimh 2022, i dtodhchaí dhigiteach na hÉireann tar éis comórtha céad bliain. Cuirfidh forbairtí spreagúla i dteicneolaíochtaí nasctha sonraí agus graif eolais ar chumas na n-úsáideoirí obair a dhéanamh inár mbailiúcháin digitithe, ag aithint naisc idir daoine agus áiteanna thar seacht gcéad bliain de stair na hÉireann.

Acmhainn rochtain oscailte ar líne a bheidh i dTaisclann Thaifid Fhíorúla na hÉireann agus a bheidh teacht buan ag daoine in Éirinn agus thar lear ar spéis leo stair na hÉireann uirthi. Tugann ár dtaisclann chuimsitheach de thaifid dhigitithe atá ag dul i méid — scaipthe thar spás agus am, ach tagtha le chéile arís ar an scáileán — léargas ar ghnáthshaolta a bhfuil cur síos orthu i ndoiciméid oifigiúla.

Mar thionscnamh oidhreachta uile-oileáin agus idirnáisiúnta, baineann Taisclann Thaifid Fhíorúla na hÉireann leas as comhpháirtíocht taighde uathúil a nascann an Chartlann Náisiúnta (institiúid chomharba Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann) le cuibhreannas infhairsingithe de níos mó ná 55 comhpháirtí taighde institiúideacha ar fud na hÉireann agus na Breataine, chomh maith leis an Eoraip, Meiriceá Thuaidh agus an Astráil.

Léiríonn an tionscadal oidhreacht fhiúntach Dheich mBliana na gCuimhneachán, ag daonlathú rochtain ar thaifid luachmhara agus ag léiriú seacht gcéad bliain de stair na hÉireann.

Clár Rannpháirtíochta Thar 2022 Amach

Tosóidh clár rannpháirtíochta Thar 2022 Amach i lár mhí Aibreáin 2022, comóradh céad bliain teacht na gCeithre Cúirteanna agus Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann faoi smacht fhórsaí in aghaidh an Chonartha. Osclaíonn an clár le 'Life Behind the Railings', seimineár a léiríonn éachtaí suntasacha Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann mar institiúid bheo cartlainne ó 1867 go 1922, chomh maith leis an eispéireas neamhghnách ar chónaí sna Ceithre Cúirteanna le linn na ndeich seachtaine a raibh sé faoi smacht roimh an mbombardú agus an tine uafásach ag deireadh mhí an Mheithimh.

Idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2022, óstálfaidh Thar 2022 Amach agus a chomhpháirtithe idirnáisiúnta sraith imeachtaí a dhéanfaidh iniúchadh ar scála, ar raon feidhme agus ar thábhacht na comhiarrachta chun na hearraí a cailleadh in 1922 a athchóiriú.

I measc na mbuaicphointí tá atógáil státchiste meánaoiseach na hÉireann (i gcomhpháirtíocht le Cartlann Náisiúnta na RA), taifid Oifig an Phríomh-Rúnaí ón 18ú haois (i gcomhpháirtíocht le hOifig Thaifid Phoiblí Thuaisceart Éireann), agus na tuairisceáin bhunaidh ó dhaonáireamh reiligiúnach 1766 na hÉireann atá, mar aon le taifid 'tharrtháilte' eile a tháinig slán ó thine 1922, caomhnaithe agus digitithe ag an gCartlann Náisiúnta, le tacaíocht ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

Tugtar aghaidh sa taighde ar dhúshlán domhanda: conas téarnamh ó chaillteanas cultúrtha. Trí rannpháirtíocht i Scéim Ealaíontóirí Cónaithe Dheich mBliana na gCuimhneachán, tabharfaidh Thar 2022 Amach freagra cruthaitheach ar thine na gCeithre Cúirteanna in 1922, ag spreagadh cineálacha nua rannpháirtíochta lenár dtaithí chomhroinnte.

Teach na dTaifead - an balla thiar - 1922
Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann



Íomhá réaltacht fhíorúil athchóirithe de na Ceithre Cúirteanna – leathoscailte
Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

THAR 2022 AMACH

30 Meitheamh 1922. Clós laistigh de na Ceithre Cúirteanna tar éis an chomhraic. Cartlann Ailtireachta na hÉireann 10/30x5

Íomhá réaltacht fhíorúil athchóirithe - taobh na gCeithre Cúirteanna

BEYOND 2022

Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann

Virtual Record Treasury of Ireland

AN CHARTLANN MHÍLEATA

Bailiúchán Pinsean na Seirbhíse Míleata (1916-1923)

Cuirtear acmhainn thábhachtach Thionscadal Bhailiúchán Pinsean na Seirbhíse Míleata (1916-1923) ar fáil mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Go dtí seo, cuireadh aon eisiúint ábhair déag amach faoin Tionscadal, cuireadh an eisiúint is déanaí amach i mí na Bealtaine 2021. Ó cuireadh an chéad eisiúint ábhair amach in 2014, rinne foireann an Tionscadail catalógú ar bhonn indibhidiúil ar níos mó ná 104,000 comhad le níos mó ná 34,000 comhad scanta ar fáil ar líne le híoslódáil. Tá gach eisiúint de chuid an Tiosncadail agus acmhainní ar líne ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chartlann Mhíleata (www.militaryarchives.ie).

Eisíodh go leor comhad a bhaineann le himeachtaí tábhachtacha sa tréimhse idir 1919 agus 1923 a ndéanfar comóradh orthu cheana féin. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal eisiúint ábhair ar líne a chur i gcrích sa tréimhse seo de Dheich mBliana na gCuimhneachán. Leanfaidh an Tionscadal ar aghaidh ag reáchtáil gníomhaíochtaí for-rochtana chomh maith a chuireann an Bailiúchán chun cinn, ní hamháin le haghaidh taighde agus fiosrú acadúil, ach mar fhoinse inrochtana don phobal i gcoitinne trí labhairt leis an bpobal ag léachtaí, ag cainteanna, ar na meáin shóisialta, ar bhlaganna idirlín agus ar shuíomh gréasáin an Chartlann Mhíleata.

Tá sé beartaithe ag Tionscadal Bhailiúcháin Pinsean na Seirbhísí Míleata ábhar a chomhordú a bhaineann le tréimhse an Chogaidh Chathartha agus an t-eolas seo a chur i láthair trí acmhainn ar líne.

Tá sraith físeán mhíosúla réamhthaifeadta ar Zoom ar ghnéithe éagsúla den Chogadh Cathartha sa Bhailiúchán beartaithe chomh maith do mhí an Mheithimh go mí Dheireadh Fómhair 2022. Fógrófar sonraí na bhfíseán seo nuair a dheimhnítear iad.

Cartlann Mhíleata

Tá bailiúcháin shuntasacha eile ag an gCartlann Mhíleata ar fáil ar www.militaryarchives.ie, lena n-áirítear:

- An Oifig um Stair Mhíleata
- Páipéir Uí Choileáin
- Bailiúchán an Bhráthar Uí Ailín
- Páipéir Choiste Fiosrúcháin an Airm 1924
- Tuarascálacha an Cheann Foirne chuig Comhairle Feidhmiúcháin Dháil Éireann (1923 agus 1924)
- Bailiúchán Anailís Phreasa na Faisnéise Míleata (1922-1931)
    - Sraith 1 – Anailís Phreasa
    - Sraith 2 – Faisnéis Mhíleata
    - Sraith 3 – Eilimh Chúitimh sa Chartlann Mhíleata

Mná100

Seoladh Mná100 i mí Bealtaine 2021 mar acmhainn nua ar líne a dhíríonn ar mhná Éireannacha in imeachtaí tábhachtacha sa tréimhse idir 1921 agus 1923, tréimhse dheiridh chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Tagann Mná100 tar éis thaispeántas 100 Bliain na mBan sa Saol Polaitíochta agus Poiblí: 1918 go 2018 a chuaigh ar camchuairt i ngach cúige de chuid na hÉireann agus tógann sé ar na bunfhoinsí a baineadh úsáid astu don tionscadal seo a bhfuil duaiseanna buaite aige. Tugann suíomh gréasáin Mná100.ie cuntas ar ról na mban sa tréimhse chinniúnach seo i stair an náisiúin ó dhearcthaí polaitiúla, míleata agus gairmiúla chun a chinntiú go n-insítear a gcuid scéalta ar bhealach tuisceanach agus neamhchlaonta.

Go dtí seo rinneadh plé san acmhainn ilmheánach seo ar ábhair ar nós an bhealaigh a chabhraigh mná le cúis an fhéinchinntiúcháin a chur chun cinn agus le hairgead a thiomsú, a thug Cros Bhán na hÉireann amach, mar a léirítear sa scannán Toward America. Seoladh sraith podchraoltaí nua in 2021 a leanfaidh ag fás agus ag forbairt le linn 2022. Is féidir éisteacht lenár bpodchraoltaí go léir ar www.mna100.ie nó san áit a éisteann tú le podchraoltaí. Réachtáil Mná100 seimineár ar líne chomh maith i gcomhar le Cumann Idirnáisiúnta Mhúsaeim na mBan inar labhair réimse leathan cainteoirí idirnáisiúnta.

Is féidir féachaint ar an seimineár gréasáin ar an suíomh gréasáin; 'Céard a chuirfeá i Músaem na mBan? An t-am atá thart, an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht.

Déanfaidh Mná100 comóradh ar na himeachtaí seo a leanas in 2022:

- Eanáir - Aistriú na cumhachta agus tabhairt ar lámh Chaisleán Bhaile Átha Cliath
- Feabhra - Diúltaíonn Cumann na mBan don Chonradh
- Márta agus Aibreán - Scoilt Chumann na mBan agus bunú Chumann na Saoirse
- Bealtaine - Scrúdú ar obair na gCoistí agus Toscaireachtaí Síochána lena n-áirítear ceann amháin faoi chathaoirleacht Kathleen Clarke
- Meitheamh - An Toghchán Comhaontaithe agus ról na mban san Olltoghchán
- Iúil - Cogaíocht idir trúpaí atá ar son agus trúpaí in aghaidh an Chonartha i mBaile Átha Cliath
- Lúnasa - Bunú Chonradh Cosanta na mBanphríosúnach
- Meán Fómhair - Próifíl bheirt altra de chuid an Airm Náisiúnta, atá lonnaithe i gCluain Meala, Co. Thiobraid Árann
- Deireadh Fómhair - Bunreacht Shaorstát Éireann – ceart uilíoch vótála d'fhir agus do mhná atá 21 bliain d'aois
- Samhain – Gabháil Mháire Mhic Shuibhne agus stailc ocrais
- Nollaig – Aleen Cust ó Thiobraid Árann, an chéad bhean a creidiúnaíodh ina tréidlia le Coláiste Ríoga na dTréidlianna a fuair a deimhniú i mí na Nollag 1922

Tá go leor ar www.mna100.ie gur féidir le gach duine taitneamh a bhaint as agus déantar nuashonrú air go rialta. Féach ar ár dtionscadail is déanaí mar aon le podchraoltaí, taispeántas fíorúil agus aistear 100 bliain. Féach ar mheáin shóisialta na Roinne agus féach ar www.mna100.ie go rialta chun coinneáil ar an eolas faoinár dtionscadail is déanaí.

Mnáiroo

Portráid ghrúpa Choiste Feidhmiúcháin Chumann na mBan, 5 Feabhra 1922 COBÁC. A P106/1466
Páipéir Sighle Humphreys - Le caoinchead Chartlann COBÁC

Muriel MacSwiney, 11 Samhain 1922
Le caoinchead Leabharlann na Comhdhála

Bunú Chonradh Cosanta na mBanphríosúnach, 1922

I mí Lúnasa 1922, lean Charlotte Despard, sufragóir, gníomhaí polaitíochta agus leasaitheoir sóisialta lena gníomhaíochas le Maud Gonne MacBride trí Chonradh Cosanta na mBanphríosúnach a bhunú. Thosaigh sé go neamhfhoirmiúil lasmuigh de Phríosún Mhuinseo agus ar an litríocht a cuireadh i gcló ag an am seo chuir siad síos ar a n-áit chruinnithe ginearálta mar 'Gheataí an Phríosúin'. Bhí ar bhaill leathphingin sa tseachtain a thabhairt don eagraíocht lena bheith ina mbaill, agus bhí duine muinteartha i bpríosún ag gach ball. Tugadh 'na máithreacha' ar an gcumann mar ainm ceana.

Bhí baint ag an mbeirt bhan seo le feachtais ar son chearta na mbochtán agus cearta na ndaoine faoi chois le fada an lá. Tríocha bliain roimhe sin, bhog Despard, agus í 75 bliain d'aois, chun cónaí leis na boicht, i Nine Elms, Londain. Bhunaigh sí Clubanna Despard, clinic sláinte agus cistin anraith do dhaoine dífhostaithe. Bhí Maud Gonne gníomhach ag an am céanna, ag obair do na boicht agus do dhaoine ar cuireadh amach as a dtithe iad. D'oibrigh sí freisin ar son Chumann Amnesty Náisiúnta na hÉireann ag tabhairt cuairte ar phríosúnaigh i bpríosúin i Sasana agus ag tabhairt léargais ar an anchaoi.

In 1922, bunaíodh Conradh Cosanta na mBanphríosúnach chun troid ar son chearta na bpríosúnach, de réir mar a cuireadh i bpríosún níos mó daoine a bhí i gcoinne bhunú Rialtas Sealadach Shaorstát Éireann, tar éis bombárdaithe na gCeithre Cúirteanna i mí an Mheithimh 1922. I measc gníomhaíochtaí a rinne an eagraíocht, rinne siad poiblíocht ar choinníollacha na bpríosúnach, agus thionól siad cruinnithe ar an Domhnach ar Shráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath. Chomh maith lena gcruinnithe seachtainiúla, tharraing siad aird an phreasa trí bhigilí a reáchtáil, ag eagrú leanaí na bpríosúnach chun máirseáil go dtí an eaglais agus guí ar son pardúin agus agóid a dhéanamh lasmuigh de phríosúin agus de sheomraí cúirte.

Léirítear uachtarán na heagraíochta, Charlotte Despard agus í ina suí lasmuigh de gheataí Phríosún Mhuinseo i ngrianghraif de bhigil lasmuigh den Phríosún. Tógadh na grianghraif seo in 1922 nuair a bhí Mary MacSwiney ar stailc ocrais taobh istigh den phríosún. Is cuid de Bhailiúchán cuimsitheach Cashman iad in Ard-Mhúsaem na hÉireann.



Annie MacSwiney agus Charlotte Despard, Muinseo, 1922
Le caoinchead Ard-Mhúsaem na hÉireann

AN CHARTLANN NÁISIÚNTA

Tá clár iomlán gníomhaíochtaí ag an gCartlann Náisiúnta chun comóradh a dhéanamh ar 1922

Tá mórthaispeántas, An Conradh, 1921: Taifid ón gCartlann ar taispeáint i mBaile Átha Cliath go dtí an 27 Márta agus tar éis sin rachfar ar camchuairt leis in ocht gcontae timpeall na tíre idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2022. Tabharfar acmhainn oideachais ar ardchaighdeán do mheánscoileanna na hÉireann mar aon leis an turas taispeántais.

Choimisiúnaigh an Chartlann Náisiúnta ealaíontóir cónaithe, John Beattie, chun saothar a dhéanamh a léiríonn macalla comhaimseartha imeachtaí faoi leith a tharla sa tréimhse idir 1921 agus 1923 ar bhealach cruthaitheach. Sa bhliain atá romhainn, cuirfidh Beattie saothar nua físeáin ar taispeáint; stiúideo ar líne d'obair idir lámha; agus sraith cainteanna poiblí ina ndéanann sé cur síos ar a thaithí ag obair leis an gCartlann Náisiúnta.

Tá an Chartlann Náisiúnta ag obair i gcomhar le Thar 2022 agus le forais chartlainne eile in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe maidir le hathchruthú digiteach Thaisclann Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann, cóipeanna digiteacha san áireamh d'ábhar cartlainne a scriosadh i rith Chogadh na gCarad sa bhliain 1922.

Tá an Chartlann Náisiúnta ag obair le Cartlann Ailtireachta na hÉireann chun taispeántas a chruthú de líníochtaí ailtireachta agus ingearchlónna d'Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann sa Chartlann Náisiúnta, in éineacht le grianghraif den fhoirgneamh nuálaíoch cartlainne, roimh an scrios agus ina dhiaidh; agus grianghraif chomhaimseartha den Teach Taifead atógtha, a bhfuil an Chúirt Achomhairc ann anois, atá i seilbh Chartlann Ailtireachta na hÉireann. Osclóidh an taispeántas i mí an Mheithimh 2022 chun comóradh a dhéanamh ar 100 bliain ó scriosadh Oifig na dTaifead Poiblí agus tús an Chogaidh Cathartha.

Tá caomhnú ar dhialanna Uí Choileáin, ar thug muintir Uí Choileáin don Chartlann Náisiúnta iad an bhliain seo caite, ar siúl faoi láthair. Déanfar na dialanna a dhigitiú agus a fhoilsiú ar líne i mbliana. Tá tionscadal taispeántais agus foilseachán speisialta á bhforbairt faoi láthair le cur ar taispeáint i dTeach Mhichíl Uí Choileáin i gCloich na Coillte i mí Lúnasa.

Craolfar clár faisnéise in dhá chuid a coimisiúnaíodh i gcomhar le RTÉ san Fhómhar. Déanfar cur síos sa chlár ar scrios Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann agus ar thógáil an náisiúin le 100 bliain anuas, ag baint úsáide as taifid sa Chartlann Náisiúnta.

Mar chuid den chlár digiteach seo, tabharfar rochtain don phobal ar Leabhair Mhiontuairiscí na Comh-Aireachta ó mhí Aibreáin 1919 go mí Aibreáin 1922 agus taifid Choiste Bunreachta 1922. Tá clár ceardlann, cainteanna agus díospóireachtaí poiblí á dhearadh chun beocht a chur inár gcuid bailiúchán agus an tábhacht a bhaineann leo a léiriú trí iniúchadh a dhéanamh ar thionchar agus oidhreacht na n-imeachtaí a tharla le linn na tréimhse réabhlóidí, an ghné idirnáisiúnta agus taithí na mban san áireamh.



OPW5HC/1/106/9 Líníocht mhionsonraithe den díon a bhí thar Oifig na dTaifead Poiblí, 1864.

Líníocht le leachtbhrat uiscedhatha ar pháipéar linéadach.

Cóipeanna de na hiómhánna le caoinchead Stiúrthóir an Chartlann Náisiúnta.



OPW5HC/1/106/8 Mionsonraí halla iontrála agus staighre Oifig na dTaifead Poiblí, 1864.

Líníocht le leachtbhrat uiscedhatha ar pháipéar linéadach.

Cóipeanna de na hiómhánna le caoinchead Stiúrthóir an Chartlann Náisiúnta.

Dialanna Mhichíl Uí Choileáin


Wednesday 19th Apl 1922

I Kerry Blu Phil Sq

II Mansion House mtg 3 OC today

III Parnell Sq @ 2.30

IV To see O'Rahilly = re standing

V Register — Supplementary

. M =
. Car =
. Arm =
. Leit =
. Clare =
. Lek =

Offaly
Rose
Dan B: Dail allegiance

Situation has changed. =

Constitution
Suggest

Fighting each other =
Mild - Do away with him

Liam - Nothing further
Propaganda =
Joe - It changed
Election


Thursday 29th June 1922

Attack on Four Courts.
Cont'd

Portobello

Mansion Sq.


Sunday 2nd July 1922.

I Note re Four Courts
a protection of
Remains

II Stoke Mortars
Gave £5 Tom Callan

Note to report to
O/C Four Courts Hotel.

Two reports today from
(a) C M Byrne
Joe McDonagh says AG
& MC will get sometime
- sooner or later - what
they're looking for.

(b) Paddy Gleeson - AG & MC
will have to go round in
a bird cage for the rest
of their lives.

2021/110/5 Dialanna Mhichíl Uí Choileáin, Trí leathanach 19 Aibreán 1922, 29 Meitheamh 1922, 2 Iúil 1922
Cóipeanna de na hiómhánna le caoinchead Stiúrthóir an Chartlann Náisiúnta.

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Digitiú Dheich mBliana na gCuimhneachán

Mar chuid dá tiomantas maidir le hábhair stairiúla a chur ar fáil le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán, tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag digitiú agus ag roinnt na mílte grianghraf, litir, dialann, bolscaireacht agus taifead a insíonn scéal na ndeich mbliana i gclár maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Díríonn go leor de na doiciméid seo ar imeachtaí 1922, lena n-áirítear páipéir Arthur Griffith, Austin Stack, Annie O'Farrelly agus Dorothy Stopford Price; póstaeir agus bileoga atá ar son agus i gcoinne an tSaorstáit; grianghraif d'imeachtaí na bliana agus cartúin pholaitíochta. Tá an t-ábhar ar fáil saor in aisce ar http://catalogue.nli.ie.

Revealing Histories

Cruthóidh an Leabharlann Náisiúnta Ag Nochtadh Staire do Dheich mBliana na gCuimhneachán lena baliúcháin dhigteacha le linn 2022. Léireoidh an tsraith físeán agus cás-staidéar seo conas a insítear scéalta na tréimhse i mbailiúcháin, agus spreagfaidh sé gach duine chun iniúchadh a dhéanamh ar a réimsí spéise trí chatalóg idirlín na Leabharlainne.

Tosaíonn an tsraith le Kathleen Clarke, Arthur Griffith, Hanna Sheehy Skeffington agus Austin Stack, ag cur beochta ina gcuid scéalta ag leibhéil éagsúla sonraí do dhaoine éagsúla sa lucht éisteachta. Beidh beochana sa tsraith chomh maith ina léirítear conas rudaí a chuardach i gcatalóg an Leabharlann Náisiúnta, agus beidh físeáin sa tsraith chomh maith a thugann léargas ar Dheich mBliana na gCuimhneachán ar an iomlán. Léigh níos mó anseo.

Pictiúr de ghrúpa daoine ag Ard Fheis Shinn Féin agus Hanna Sheehy Skeffington ina measc
Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Radical!: Women and the Irish Revolution

Compháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán atá i gcónaitheacht 12 mhí an fhile Julie Morrissy faoi scéim na nEalaíontóirí Cónaithe a mhaoiníonn an Roinn.

Beidh podchraoltaí agus imeachtaí rannpháirtíochta poiblí ar siúl fad is atá dánta á gcumadh ag Julie, agus foilseofar iad i mí an Mheithimh. Ag díriú ar an saol laethúil le linn na géarchéime idir 1919 agu 1923, agus le béim ar leith ar shaolta na mban, freagra a bheidh sna dánta ar bhailiúcháin an Leabharlann Náisiúnta, agus bainfear úsáid as seánraí faisnéise, cartlainne, liriceacha chun iniúchádh a dhéanamh ar shaolta mhná na hÉireann.

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Litríocht Teorann 2022

Sraith léitheoireacht leanúnach leabhair agus comhrá eagraithe ag an Ollamh Nicholas Allen Dearadh sraith léitheoireachta Litríocht Teorann chun dearcthaí éagsúla litríochta a chur in iúl maidir le maireachtáil agus machnamh sa chéad bliain ó críochdheighleadh oileán na hÉireann.

Déantar iniúchadh sa tsraith seo de léamha agus de chomhráite painéil ar líne, a bheidh ar siúl go dtí mí an Mhárta 2022, ar conas a chuir scríbhneoirí ar nós Séamus Heaney a gcruthanna féin ar na smaointe seo óna dtaithí féin, ar mhaithe le taithí a fháil ar réimse léirithe ar an teorainn, ó léirithe stairiúla go léirithe comhaimseartha.

Tá ticéid saor in aisce ach caitear iad a chur in áirithe roimh ré. Féach ar https:// www.nli.ie/en/border-literatures.aspx le haghaidh tuilleadh sonraí

Sraith Léachtaí agus Foghlama Dheich mBliana na gCuimhneachán Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Le linn 2022, foghlaim níos mó faoi imeachtaí agus faoi dhaoine mór le rá a mhair céad bliain ó shin, trí chlár turas, ceardlann agus cainteanna stairiúla an Leabharlann Náisiúnta do dhaoine de gach aois. Féach ar thaispeántais an Leabharlann Náisiúnta ar líne ina ndéantar iniúchadh ar na blianta sular síníodh an Conradh; déan cúrsa oideachais d'aosaigh; déan teagmháil linn chun ceardlann scoile ar líne a chur in áirithe; nó éist le cainteanna saineolaithe le linn na bliana.

Féach ar www.nli.ie le haghaidh tuilleadh sonraí.

Póstaer don Amharclann Ríoga, Eanáir 1922
Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Póstaer d'Amharclann Gaiety, Lúnasa 1922
Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Toscairí stairiúla ag Comhdháil Shliocht na hÉireann, Páras, 1922, De Valera agus Markievicz san áireamh agus iad ina suí ag bord le seaimpín.
Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN

Mórchomhdháil in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin – comheagraithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Gailearaí Hugh Lane, 21-23 Aibreán 2022

Déanfar plé ar réimse leathan ábhar sa chomhdháil, a eascraíonn as agus a chuireann le taispeántas Stiúideo agus Stát: muintir Lavery agus an Conradh Angla-Éireannach, Comhthéacs stairiúil shíniú an Chonartha agus i ndiaidh sínithe; an méid a bhí i bpáirt ag na healaíona agus an pholatíocht; ról mhuintir Lavery; polaíocht na féiniúlachta agus áite; oidhreacht chultúrtha agus shóisialta an Chonartha agus cuimhne agus tráma teaghlaigh. .

Reáchtálfar taispeántas – Íomhánna de choimhlint a chruthú; grianghraif chogaidh de ré réabhlóideach na hÉireann 1913-1923 ó Aibreán 2022 go deireadh 2024

Díríonn an taispeántas ar íomhánna Ard-Mhúsaem na hÉireann a chlúdaíonn an ré réabhlóideach idir 1913 agus 1923 in Éirinn, agus íomhánna d'fhir agus de mhná na hÉireann i gcoimhlintí thar lear (An Chéad Chogadh Domhanda). Déanfar scrúdú ann ar dhaoine aonair, eagraíochtaí meán, míleata agus paraimíleata ag léiriú agus féachaint ar ghrianghraif i gcásanna coimhlinte. Déanfar scrúdú ann chomh maith ar na fadhbanna a bhaineann le úsáid agus neamhúsáid íomhánna deacra ar níos íomhánna báis agus scriosta i gcogadh agus conas a úsáidtear é mar bholscaireacht chun tionchar a imirt ar thuairim an phobail.

Beidh íomhánna sa taispeántas a roghnaíodh ó bhailiúchán saibhir giranghraf an Mhúsaeim a bhaineann le ré réabhlóideach na hÉireann. Níor taispeánadh roinnt mhaith de na híomhanna seo don phobal riamh. Cé go ndíreofar ar bhailiúchán an Mhúsaeim, cuirfear bailiúcháin insititúidí eile leis an insint chomh maith.

Cuirfidh sé seo deis ar fáil do chomhrá speisialta ag deireadh Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Ó Riail na Breataine go Saorstát Éireann, tabhairt ar lámh na mbeairicí, 1922 – ag oscailt i lár 2022.

Míneofar sa taispeántas seo atá bunaithe ar ghrafaicí, conas a thug an Bhreatain bheairicí míleata in Éirinn ar lámh Shaorstát Éireann agus an tábhacht a bhain leis sin.

Armlann Fhiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath a bhí i nDún Uí Choileáin (tugadh an Dún Ríoga air ag an am), áit atá an-tábhachtach do chuimhneacháin 2022. Ba é Dún Uí Choileáin an bheairic mhíleata dheireanach a tugadh ar lámh, i mí na Nollag 1922, nuair a ghlac an tArd-Cheannasaí a bhí ann ag an am, Ginearál Richard Mulcahy seilbh uirthi. Ba imeacht ríthábhachtach i stair na hÉireann é imeacht deireanach gharastún forghabhála na Breataine ó Éirinn. Chuir sé seo Dún Uí Choileáin i gcroílár imeachtaí maidir le bunú Shaorstát Éireann. Cuirfidh an taispeántas seo le taispeántas faoi Dhíscaoileadh Reisimintí na hÉireann a bheidh ar siúl i spás beag taispeántais sa Bhloc Thuaidh / Thiar, agus le chéile cuirfidh na taispeántais seó ó Ard-Mhúsaem na hÉireann i gcomhar leis na Fórsaí Cosanta go mór le clár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022.

Osclóidh an taispeántas faoi Dhíscaoileadh Reisimintí Éireannacha Arm na Breataine in 1922 i mí Iúil 2022

Is é díscaoileadh Reisimintí Éireannacha Arm na Breataine ábhar an taispeántais. Déanfar scrúdú ar stair na sé reisimint (Reisimint Ríoga na hÉireann, Fiannóglaigh Chonnacht, Reisimint Laighean, Fiúsailéirí Ríoga na Mumhan, Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath, Marcra Dheisceart na hÉireann (Gíománra Impiriúil Dheisceart na hÉireann) agus a ndíshlógadh tar éis neamshpleáchas na hÉireann in 1922.

(Cashman 65) - Aistarraingt na Breataine Grianghraf d'fhórsaí na Breataine ag baint sreang dheilgneach ó Halla na Cathrach ag deireadh na forghabhála, 1922
Le caoinchead Ard-Mhúsaem na hÉireann

Tionscadal iCAN

Trí Líonra Cartlainne Phobal na hÉireann (iCAN), oibríonn Ard-Mhúsaem na hÉireann le comhpháirtithe údaráis áitiúil chun tacú le pobail a stair áitiúil agus a n-oidhreacht a dhigitiú agus chun rochtain a thabhairt do lucht féachana áitiúil agus domhanda ar an ábhar seo ar shuíomhanna gréasáin cartlainne pobail. Tá naisc láidre cruthaithe ag pobail iCAN le baill de phobail áitiúla, le scoileanna, le grúpaí sainleasa agus le diaspóra domhanda, ag tógáil lucht éisteachta a bhfuil fonn orthu a bheith rannpháirteach i dtógáil chartlann áitiúil agus i dtionscnaimh ghaolmhara bunaithe ar thionscadail. Eagróidh Tionscadail iCAN sraith de sheimineáir chuimhneacháin agus de chomhdhálacha idir 2020 agus 2023.

Buantaispeántas nua – *Dánlanna Stair na hÉireann san Fhichiú hAois*

Cuireadh tús le hobair ar mhórthaispeántas nua dar teideal Dánlanna Stair na hÉireann san Fhichiú hAois in 2021 agus leanfar leis i rith 2022. Tabharfaidh Dánalanna Stair na hÉireann san Fhichiú hAois (1900-2020) deis don chuairteoir cíoradh a dhéanamh ar eachtraí móra i stair na hÉireann ag tarraingt ar imeachtaí roimh agus le linn na tréimhse idir 1912 agus 1923. Osclóidh na gailearaithe buana taispeántais seo um Cháisc 2024 in Ard-Mhúsaem na hÉireann, na hEalaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin.

Óstálfaidh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh Comhdháil Náisiúnta ar Chogadh Cathartha na hÉireann

Óstálfaidh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh Comhdháil Náisiúnta ar Chogadh Cathartha na hÉireann idir an 15 agus 18 Meitheamh 2022. Cuirfidh an imeacht ceithre lá seo fóram ar fáil chun gnéithe éagsúla den choinbhleacht idir 1922 agus 193 a phlé.

Roinnfidh níos mó ná 100 scoláire ó raon disciplíní a mbreithiúnais agus a dtuairimí feasacha ar Chogadh Cathartha na hÉireann. Déanfar plé leathan sa chomhdháil seo atá maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar na gnéithe den Chogadh a dhéantar díospóireacht fúthú go minic. Tá sé beartaithe, faoi réir chomhairle sláinte poiblí, go mbeidh an chomhdháil ar siúl ar champas stairiúil Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus go mbeidh rochtain oscailte ag an bpobal uirthi.

Ar lá 1 den Chomhdháil déanfaidh na cainteoirí plé ar chomparáidí agus dearcthaí idirnáisiúnta. Ar lá 2 agus 3 cuirfear páipéir ghearra i láthair faoi ghnéithe éagsúla de Chogadh Cathartha na hÉireann. Ar lá 4 deánfar plé painéil ar an gcomhilint agus ar thionchar sóisialta, cultúrtha, eacnamaíoch agus polaitiúil na coimhlinte. Tá coiste acadúil náisiúnta ag déanamh maoirseachta ar an gComhdháil a bhfuil an tOllamh Chris Williams ina chathaoirleach air, ceann Choláiste Ealaíon, an Léinn Cheiltigh agus Eolaíochtaí Sóisialta.

"Táimid ag súil go mór le roinnt de na scoláirí is fearr a thabhairt go Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus cabhróidh sé linn tuiscint níos fearr a fháil ar an imeacht tábhachtach seo i stair na hÉireann agus é a cheistiú."

"Tá oidhreacht láidir ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh mar an Ollscoil Éireannach a thugann an léargas is fearr ar an am atá caite. Tugann an chomhdháil seo deis dúinne chun machnamh a dhéanamh ar thréimhse a raibh tionchar mór aici ar na glúnta a tháinig romhainn agus ar thodhchaí na hÉireann."

Mar aon leis an ngné acadúil, réachtálfar clár imeachtaí éagsúla i lár chathair Chorcaí mar chuid de Chomhdháil Náisiúnta an Chogaidh Chathartha le linn na gceithre lá. I measc na n-imeachtaí seo beidh léachtaí oíche, taispeántais, agus turais siúil in áiteanna éagsúla. I measc na gcomhpháirtithe comhdhála tá Comhairle Chathair Chorcaí, RTÉ, Gailearaí Ealaíne Crawford, Músaem Poiblí Chorcaí, Leabharlann Naomh Peadar agus Leabharlanna Chathair Chorcaí.

(Cashman 93) An Cogadh Cathartha, Grianghraf de phléascadh Oifig na dTaifead, na Ceithre Cúirteanna, Baile Átha Cliath, 30 Meitheamh 1922
Le caoinchead Ard-Mhúsaem na hÉireann

Scéim Sparánachtaí Dheich mBliana na gCuimhneachán

Le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán, leag an Sainghrúpa Comhairleach do Chuimhneacháin Chéad Bliain béim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna a chruthú chun tacú le taighde agus scoláireacht leanúnach ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

I gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann, bronnfaidh an Roinn roinnt sparánachtaí in 2022 agus 2023, chun taighde áitiúil nua agus staidéar ar an stair áitiúil a bhaineann leis an tréimhse a chlúdaítear i nDeich mBliana na gCuimhneachán a spreagadh.

Táthar ag súil go dtabharfaidh an scéim nua seo aitheantas don obair shuntasach a rinne staraithe áitiúla i réimsí staidéir a bhaineann leis an Troid ar son na Saoirse agus tréimhse an Chogaidh Chathartha a chur chun cinn laistigh dá bpobail. Tá sé i gceist go mbeidh an taighde ar fad a fhoilseofar faoin scéim sparánachtaí seo ar fáil don phobal.

Bronnfar suas le 8 sparánacht do 2022 agus an líon céanna do 2023 chun tacú le staraithe atá ag tabhairt faoi thaighde agus scoláireacht bhunaidh cheana féin i stair áitiúil a bhaineann leis an tréimhse. Déanfar sonraí a fhógairt sna seachtainí atá romhainn.

Leabharlann Fhoras Ionadaíoch na hEaglaise

In 2022 tá sé beartaithe ag Leabharlann Fhoras Ionadaíoch na hEaglaise rochtain saor in aisce ar fud an domhain a thabhairt ar Chartlann Dhigiteach Gazette Eaglais na hÉireann agus ar na taispeántais idirlín go léir ina scrúdaítear gnéithe de Dheich mBliana na gCuimhneachán do na deich mbliana tar éis 2023.

Ina theannta sin, rinneadh digitiú ar acmhainn nua stairiúil - Irisí an tSionaid Ghinearálta ina ndéantar taifead ar ghnó bliantúil na hEaglaise, lena n-áirítear rúin, billí, agus príomh-óráidí, don tréimhse idir 1912 agus 1922, agus d'fhéadfaí é a chuardach ar líne, ag cur le hacmhainn Gazette. Éascóidh rochtain ar na taifid seo tuilleadh anailíse ar an tréimhse, ó thaobh institiúide ag feidhmiú tar éis na Críochdheighilte in dhá dhlínse.

Soilse na hÉireann agus Imeachtaí Dheich mBliana na gCuimhneachán

Bailiúchán na gComhaid Chogaidh agus Ionsaithe: Níl cartlann Shoilse na hÉireann ina foinse don stair mhuirí amháin, ach do stair shóisialta, pholaitiúil, mhíleata, innealtóireachta agus eolaíochta na hÉireann sa 19ú haois agus san 20ú haois.

Cuireadh tús le mórthionscadal in 2019 chun an chartlann a chaomhnú agus a chatalógú agus aithníodh 18 mbailiúchán aonair. Tugtar tús áite do thaifid a bhfuil mórthábhacht stairiúil ag baint leo sa tionscadal cartlainne. Bailiúchán speisialta is ea é Bailiúchán na gComhaid Chogaidh agus Ionsaithe a bhfuil comhaid ann a bhaineann le Soilse na hÉireann sa Chéad Chogadh Domhanda agus i dtréimhse Chogadh na Saoirse agus an Chogaidh Chathartha.

I gcomhar le COBÁC, beifear in ann féachaint ar an mbailiúchán digiteach iomlán ar ardán Leabharlann Dhigiteach COBÁC in 2022.

Tá staraí comhairliúcháin ag obair chun eolas a mbeadh spéis ag an bpobal ann a aimsiú sa bhailiúchán agus léacht phoiblí a fhorbairt agus ábhar a ullmhú do thaispeántas digiteach/fisiciúil bunaithe ar théamaí an bhailiúcháin.

Gníomhaíochtaí scoile

Tá tionscnaimh agus acmhainní éagsúla forbartha ag an Roinn Oideachais agus ag a seirbhísí tacaíochta chun tacú le daoine óga agus a gcuid múinteoirí dul i ngleic le castachtaí thréimhse Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Maoiníonn an Roinn Oideachais tairseach www.scoilnet.ie agus cuirtear ar fáil é tríd an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Teicneolaíocht san Oideachas. Tá níos mó ná 3,100 acmhainn digiteach ann a bhfuil nasc soiléir acu leis an gcuraclam staire ag leibhéil bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuireann scoilnet rochtain cheadúnaithe ar fáil laistigh de scoileanna agus rochtain do mhúinteoirí sa bhaile ar Chartlann Nuachtáin na hÉireann www.scoilnet.ie/ scoilnet/tools-for-teachers/.

Reáchtálann an Roinn Oideachais agus Scoil Staire Choláiste na hOllscoile, Corcaigh *Comórtas Staire Dheich mBliana na gCuimhneachán do Scoileanna ar bhonn uile-oileán.* Tacaíonn Áras an Uachtaráin, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Stair Éireann leis an gcomórtas. Is é an 8 Aibreán 2022 an dáta deiridh a ghlacfar le tionscadail chríochnaithe agus fógrófar na buaiteoirí, agus bronnfar duaiseanna roimh dheireadh mhí Bealtaine 2022.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar https://www.gov.ie/en/publication/cf8d7- history-competition/

Ardán ar líne is ea é Tairseach Foghlama Reilig Ghlas Naíon a thacaíonn an Roinn Oideachais leis, a chuireann ar chumas scoileanna/daltaí foghlaim faoi stair Reilig Ghlas Naíon. Tugtar léargas sa Reilig ar stair na hÉireann le dhá chéad bliain anuas. Dírítear ar bhlianta Dheich mBliana na gCuimhneachán sa tairseach agus tá naisc dhíreacha leis an gcuraclam ann. Is féidir le daltaí úsáid a bhaint as na hacmhainní sa tairseach ina bpróiseas fiosraithe agus cuireann sé bunús ar fáil do thaighde a dhéanamh ar réimse leathan ábhar a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán.

I measc na n-acmhainní tá:

- Amlíne agus Léarscáil idirghníomhach le foghlaim faoi shaol daoine aonair san am a chuaigh thart;
- Dánlann Scéalta ina bhfuil sraith gearrscannán agus bailiúchán d'íomhánna gailearaí a sholáthraíonn tuilleadh faisnéise; agus
- naisc do scoláirí idir a gceantar féin agus imeachtaí náisiúnta/idirnáisiúnta.

Tá an Tairseach Foghlama ar fáil as Gaeilge agus as Béarla ar https://www.dctrust.ie/experience-glasnevin/education.html



Clár Scoil Scairte

Tá Scoileanna Scairte Stair Éireann ag cur beochta in ábhair stairiúla le díospóireachtaí bríomhara ar raon leathan ábhair idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla ó 2011 i leith. Éascaíonn Tommy Graham, eagarthóir Stair Éireann, an plé, ina labhraíonn ceathrar cainteoirí — gach cainteoir ina shaineolaí ar ghné amháin den ábhar, agus tarraingíonn sé aird ar ghrúpaí sainleasa agus meallann sé lucht éisteachta níos leithne chomh maith.

In 2020 thosaigh na Scoileanna Scairte ag taifead podchraoltaí, ag soláthar rogha inoibrithe in ionad imeachtaí le linn phaindéim COVID-19. Éisteann níos mó ná 75,000 duine leis na podchraoltaí, a chraoltar thar ardáin éagsúla agus ar shuíomh gréasáin Stair Éireann.

Tá clár míosúil podchraoltaí Scoil Scairte le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, beartaithe don bhliain 2022. Tá podchraoltaí Scoil Scairte ar fáil ar Stair Éireann agus ar SoundCloud na Roinne nó cibé áit a éisteann tú le podchraoltaí.

MÍ EANÁIR

Céad bliain ó reáchtáladh Comhdháil Shliocht na hÉireann, Páras 21-28 Eanáir

Cén freagra a thug diaspóra na hÉireann ar an gConradh agus an Cogadh Cathartha a bhí le teacht?

Le caoinchead Bibliothéque Nationale de France

MÍ FEABHRA

Céad bliain ó bunaíodh na Gardaí Síochána, 22 Feabhra

Conas a bunaíodh séirbhís phóilíneachta gan airm agus Cogadh Carthartha ag bagairt?

Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

MÍ AN MHÁRTA

Céad bliain ó dúnmharaíodh muintir MacMahon, Béal Feirste, 24 Márta

Cé gur fait accompli a bhí i dTuaisceart Éireann fiú sula ndearnadh idirbheartaíocht ar an gConradh, cén tionchar a bhí ag na himeachtaí a tharla ansin ar an meon i leith chogadh cathartha sa Deisceart? Cé chomh inchreidte is a bhí ionsaí Óglaigh na hÉireann ar Thuaisceart Éireann?

AIBREÁN

Céad bliain ó reáchtáladh comhdhálacha Arm Óglaigh na hÉireann, 26 Márta agus 18 Meitheamh

Anailís ar Óglaigh na hÉireann roimh an gCogadh Cathartha.

Le caoinchead Mhúsaem Phríosún Chill Mhaighneann/ Oifig na nOibreacha Poiblí KMGLM.20PC-1A26-22

BEALTAINE

Mná agus an Conradh

Léirigh taighde a rinneadh le déanaí ról ríthábhachtach na mban sa ghluaiseacht réabhlóideach. Cén fáth, mar sin, ar imeallaíodh iad agus idirbheartaíocht á déanamh ar an gConradh? Cén fáth nach raibh cearta vótála ag mná faoi bhun 30 bliain d'aois sa toghchán conartha a reáchtáladh i mí an Mheithimh 1922?

MEITHEAMH

Céad bliain ó feallmharaíodh an Ridire Henry Wilson, 22 Meitheamh

Cén dearcadh a bhí ag muintir Londain ar chogadh cathartha na hÉireann?

Le caoinchead Chomhairle Contae Bhéal Feirste

IÚIL
Céad bliain ó thosaigh an Cogadh Cathartha, 28 Meitheamh
Anailís mhíleata ar an gCogadh Cathartha - cén fáth a raibh an bua ag an taobh a bhí ar son an Chonartha? Beidh plé ar na daoine a fuair bás sa Chogadh Cathartha san áireamh, Cé mhéad a fuair bás, cén áit agus conas a maraíodh iad?

LÚNASA
Céad bliain ó maraíodh Michael Collins, 22 Lúnasa
Glacann na dreamanna a bhí in aghaidh agus ar son an Chonartha araon oidhreacht Michael Collins chucu féin. Ach ar dheachtóir míleata ab ea é Collins sna seachtainí sula bhfuair sé bás?

MÍ MHEÁN FÓMHAIR
Céad bliain ó fuair Arthur Griffith bás, 12 Lúnasa
Athbhreithniú ar ghairm bhunaitheoir Shinn Féin.

MÍ DHEIREADH FÓMHAIR
Céad bliain ó síníodh an Conradh agus ó thosaigh an Cogadh Cathartha, cén dearcadh atá againn ar an scoilt a tharla mar gheall orthu?

MÍ NA SAMHNA
Iarthuaisceart na hÉireann le linn an Chogaidh Chathartha
(Dún na nGall, Sligeach agus Liatroim san áireamh).

MÍ NA NOLLAG
Machnamh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán: athbhreithniú ar stair agus ar chomóradh
Céard é an gaol idir comóradh agus scoláireacht stairiúil? Conas a d'oibrigh sé seo i nDeich mBliana na gCuimhneachán? Céard iad na deiseanna a tapaíodh? Céard iad na deiseanna nár tapaíodh?

DAILY SKETCH, THURSDAY, AUGUST 24, 1922.

"FORGIVE THEM!" THE LOST LEADER'S LAST WORDS.

DAILY SKETCH.

No. 4,192. Telephones { London—Holborn 6510. Manchester—City 6501. LONDON, THURSDAY, AUGUST 24, 1922. [Registered as a Newspaper.] ONE PENNY.

THE MARTYRDOM OF MICHAEL COLLINS.

The last photograph of Michael Collins, taken at the funeral of Arthur Griffith. Ever since the signing of the Treaty the Free State leader had fearlessly faced the risk of assassination. Attempts to wreck his train and bomb his car had failed to turn him from his masterful purpose to restore peace in Ireland and keep his word with Britain.—(Daily Sketch.)

Michael Collins, the fearless and resourceful Commander-in-Chief of the National Army, was shot dead in an ambush at Bandon, Co. Cork. The tragic news shocked the whole country yesterday. The Free State mourns a dauntless leader.—(Daily Sketch.)

Miss Kitty Kiernan, the bereaved fiancée of Michael Collins. Her marriage was to have taken place shortly. British as well as Irish sympathy goes out to the woman who mourns at her home at Granard, in Co. Longford. Michael Collins also leaves a mother, and a sister who is employed in the Post Office Savings Bank at South Kensington.

Collins Daily Sketch - Íomhá le caoinchead Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

FOILSEACHÁIN ACADAMH RÍOGA NA hÉIREANN

Ireland 1922: Independence, Partition, Civil War Curtha

In eagar ag Darragh Gannon agus Fearghal McGarry

Tús thréimhse dheiridh réabhlóid na hÉireann a bhí sa bhliain 1922: daingníodh an Conradh Angla-Éireannach; bunaíodh Shaorstát Éireann; briseadh an Cogadh Cathartha amach; agus daingníodh críochdheighilt na hÉireann nuair a roghnaigh Tuaisceart na hÉireann gan páirt a ghlacadh i Réiteach an Chonartha.

Déanann mórscoláirí iarracht i gcaoga aiste gairid léargas a thabhairt ar na himeachtaí, na fadhbanna agus na díospóireachtaí a tharla sa bhliain sin. Ag tógáil ar a gcuid saineolais féin agus neart scoláireachta a rinneadh le déanaí mar gheall ar Dheich mBliana na gCuimhneachán, roghnaíonn gach scríbhneoir ábhar agus téama amháin a léiríonn gné thábhachtach d'Éirinn in 1922 agus an tionchar a bheadh ag an tréimhse réabhlóideach ar bhunú stát nua.

Cruthaíodh pleananna ceachta i gcomhar le Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann agus Cumann Múinteoirí Staire Thuaisceart Éireann atá oiriúnach do dhaltaí atá ag ullmhú don Ardteistiméireacht agus don A-Leibhéal. Tá an tAcadamh ag comhoibriú le Céad Bliain Éireann agus eiseoidh sé ailt ar líne trína shuíomh idirlín le linn 2022.

Tá an leabhar agus sonraí an tionscadail ar fáil ar shuíomh idirlín Acadamh Ríoga na hÉireann ar www.ria.ie/ireland1922 #ireland1922

The Handover: Dublin Castle and the British withdrawal from Ireland, 1922

le John Gibney agus Kate O'Malley

Tugtar léargas sa leabhar seo ar an mbealach a d'aistrigh riarachán na Breataine cumhacht chuig Rialtas Sealadach na hÉireann, a bhí faoi stiúir Michael Collins, go luath in 1922.

Déantar iniúchadh sa téacs ar shaolta agus ar ghairmeacha na ndaoine a d'oibrigh ar an aistriú seo, mar aon le nádúr riarachán na Breataine in Éirinn agus na dúshláin a bhí le sárú ag an Rialtas Sealadach, ar mhaithe le fírinne aistriú na cumhachta a mhíniú. Tugann an leabhar léargas níos ginearálta chomh maith ar an gcomhthéacs stairiúil, ag tabhairt cuntais ar Bhaile Átha Cliath le linn na tréimhse seo, agus ag tabhairt léargais ar conas a tharla athrutithe in áiteanna eile in Éirinn in 1922, go mór mór maidir leis an mbealach a thug rialtas na Breataine áitribh eile ar lámh.

D'fhoilsigh Acadamh Ríoga na hÉireann an dá leabhar le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012 - 2023, agus thacaigh Oifig na nOibreacha Poiblí le The Handover chomh maith.

publications@ria.ie;
@riadawson;
www.ria.ie/publications.

AN POST

An Post - Eisiúint Stampaí Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022

Déanann Clár Stampa Comórtha 2022 comóradh ar chuimhneacháin thábhachtacha lena n-áirítear Comóradh Céad Bliain an Chogaidh Chathartha 1922-1923: bás Michael Collins, bás Erskine Childers agus Comóradh Céad Bliain Shaorstát Éireann. Eiseofar trí stampa chun comóradh a dhéanamh ar 100 bliain de stair, ag comóradh tabhairt fhoirmiúil Chaisleán Bhaile Átha Cliath ar lámh Shaorstát Éireann, Comóradh Céad Bliain Bhunú na nGardaí Síochána agus Comóradh Céad Bliain Bhunú Arm na hÉireann.

Céad Bliain Staire: Is é an 13 Eanáir an dáta eisithe do gach ceann de na trí stampa.

i. Tabhairt fhoirmiúil Chaisleán Bhaile Átha Cliath ar lámh Shaorstát Éireann
ii. Comóradh Céad Bliain Bhunú na nGardaí Síochána (21 Feabhra)
iii. Comóradh Céad Bliain Arm na hÉireann (Feabhra)

Comóradh Céad Bliain an Chogaidh Cathartha 1922-1923:
Dáta eisithe - 23 Meitheamh
- stampa amháin

Comóradh Céad Bliain Bhás Michael Collins (22 Lúnasa):
Dáta eisithe - 18 Lúnasa
- stampa amháin

Comóradh Céad Bliain Bhás Erskine Childers (24 Samhain):
Dáta eisithe - 24 Samhain
- stampa amháin

Comóradh Céad Bliain Shaorstát Éireann (6 Nollaig):
Dáta eisithe - 1 Nollaig
- stampa amháin
Bhuaigh dearadh an stampa seo comórtas d'ealaíontóirí a reáchtáil Coiste Comhairleach An Post um Dhearadh Stampa, a raibh Mick O'Dea ina chathaoirleach air, i gcomhar le Gnó go hEalaíona.

an post



Burning the Big House: The Story of the Irish Country House in Revolution, 1920-1923

D'eagraigh an tIonad um Staidéar ar Thithe Stairiúla agus Eastáit na hÉireann, sa Roinn Staire, Ollscoil Mhá Nuad, taispeántas leis an Ollamh Terence Dooley ar loscadh Thithe Móra in Éirinn le linn Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad, 1920-1923. Osclóidh an taispeántas, le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, i gCartlann Ailtireachta na hÉireann, Baile Átha Cliath i mí an Mhárta 2022, sula n-aistreofar é chuig Leabharlann Ollsoil Mhá Nuad i mí na Bealtaine. Dearadh é le go mbeifí in ann é a aistriú chuig suíomhanna eile ar fud na tíre. Tá sé beartaithe go léireofar an taispeántas go fíorúil ó 2023 amach, agus beidh bunachar sonraí thithe a loisceadh ar fáil ar https://www.maynoothuniversity.ie/centrestudy-historic-irish-houses-and-estates.

Tabharfaidh an taispeántas léargas ar mhéid agus ar shuíomh tíreolaíoch na dTithe Móra a loisceadh, agus na cúiseanna polaitíochta agus sóisialta a bhí leis an scriosadh, go háirithe. Cásanna staidéir bunaithe ar thithe ar fud na tíre a bheidh sa taispeántas. Tabharfaidh sé léargas ar na cúiseanna a bhí le scriosadh líon mór thithe móra, mar aon le díriú ar théamaí eile; creachadóireacht, cúiteamh agus atógáil.

Beidh sraith seachtainiúil léachtaí ar líne oscailte don phobal ó mhí an Mhárta go mí na Bealtaine mar aon leis an taispeántas, agus i measc na gcainteoirí beidh Gemma Clark, Terence Dooley, Robert O'Byrne, Ann O'Riordan, Olwen Purdue, Christopher Ridgway, Glascott Symes agus Jean Young. Labhróidh na cainteoirí faoi théamaí éagsúla a bhaineann leis na Tithe Móra le linn na tréimhse réabhlóidí.

Fothrach Halla Uí Mhóra, Co. Mhaigh Eo. Le caoinchead Robert Smith Monaghan

Óglaigh na hÉireann tar éis seilbh a ghlacadh ar Theach an Locha Bháin in 1922
Le caoinchead Mhúsaem Chonate Mhuineacháin

Faoi théama **Ord Nua a Bhunú,** tá sé beartaithe ag Ranna éagsúla Rialtais comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó bunaíodh iad nuair a bunaíodh an Stát.

An Roinn Dlí is Cirt

Foilseoidh an Roinn clár leis féin a chludaíonn an tréimhse idir 2022 agus 2024.
I measc na n-imeachtaí tábhachtacha a ndéanfar comóradh orthu le linn 2022 tá:

- **Céad bliain ó bunaíodh na Gardaí Síochána** - tá na Gardaí Síochána tar éis clár suntasach tionscnamh ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil a fhorbairt.
- **Céad bliain ó forghabháladh na Ceithre Cúirteanna agus ó scriosadh Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann** - tá clár éagsúil imeachtaí á fhorbairt ag an tSeirbhís Chúirte chun na himeachtaí a comóradh, le béim ar leith ar thionchar na n-imeachtaí ar obair na gCúirteanna ag an am.
- **Céad bliain ó forbraíodh agus ó achtaíodh Bhunreacht Shaorstát Éireann -** déanfaidh an tSeirbhís Chúirte comóradh ar chéad bliain ó forbraíodh agus ó achtaíodh Bhunreacht Shaorstát Éireann.

Siompóisiam na Córa in Éirinn 1822-2022 - reáchtálfaidh an Roinn Dlí is Cirt siompóisiam earnáil na córa ar an 22 Samhain 2022 in The Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath. Cuireann an siompóisiam ardán cuí ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar thréimhse leathan forbartha earnáil dhlí coiriúil na hÉireann ó 1822 i leith, an bhliain a bunaíodh Constáblacht Chontae. Beidh an siompóisiam ar siúl céad bliain tar éis bhunú na nGardaí Síochána. Aistríodh roinnt mhaith institiúid ón earnáil choiriúil chuig an Roinn Gnóthaí Baile.

An Roinn Airgeadais

Beidh An Roinn Airgeadais 100 bliain ar an bhfód in 2022. Chun comóradh a dhéanamh air seo, cuireadh tús le Comhaltacht Staire trí bliana ar an 1 Iúil 2019. Ceapadh an Dr Ciarán Casey chun stair an Roinn Airgeadais sa tréimhse idir 1959 agus 1999 a scríobh. Rachaidh an t-imleabhar seo le *'History of the Department of Finance 1922 – 1958'* leis an Ollamh Ronan Fanning, atá ina shaothar ceannródaíoch faoi fhorbairt ghné thábhachtach de riarachán na hÉireann. Tabharfaidh an foilseachán nua seo léargas ar ról agus gníomhaíochtaí an Roinn Airgeadais sa dara leath den fhichiú haois. Le chéile, cuirfidh an dá imleabhar stair údarásách oifigiúil ar fáil faoin Roinn idir 1922 agus tús na mílaoise. Seolfar an foilseachán seo i bhfómhar 2022.

ORD NUA A BHUNÚ

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Cainteanna 23 Sráid Chill Dara

In 2022, don tríú bliain as a chéile, tabharfaidh scoláirí mór le rá sraith cainteanna strairiúla – Cainteanna 23 Sráid Chill Dara – sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta sraith cainteanna stairiúla. Pléifear ábhair sna comhráite a bhaineann le stair na Roinne agus riarachán níos leithne an Stáit. I measc na n-ábhar a pléadh go dtí seo bhí Forbairt Thionsclaíoch sa Stát nua, Lucht Oibre na hÉireann sa Tréimhse Réabhlóideach, Trádáil agus Taidhleoireacht sa Tréimhse Réabhlóideach, Constance de Markievicz, Na Daoine a Fuair Bás le linn Réabhlóid na hÉireann, Eispéireas na Réabhlóide sa Státseirbhís agus Aistriú Cumhachta an Stáit. I measc na dtéamaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist in 2022 tá; daoine mór le rá sa tréimhse, toghcháin agus stair agus ailtireacht fhoirgnimh na Roinne.

Stair na Roinne

Le comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó bunaíodh an Roinn bhí ann roimpi - An Roinn Tionscail agus Tráchtála - i mí Dheireadh Fómhair 1922, tá sé beartaithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta stair an chéad daichead bliain de chuid an Roinn Tionscail agus Tráchtála, ó 1922 go 1959 (nuair a laghdaíodh a sainchúram tar éis bhunú an Roinn Iompair agus Cumhachta). Tabharfaidh an foilseachán seo léargas ar an mbealach a chabhraigh an Roinn Tionscail agus Tráchtála le bonn táirgiúil Stát neamhspleách na hÉireann a fhorbairt lena n-áirítear forbairt thionsclaíoch, fuinnimh agus acmhainní nádúrtha, iompar talún, mara agus aer, coinníollacha fostaíochta agus an creat caidrimh thionsclaíoch.

BUNÚ NA BHFÓRSAÍ COSANTA, ÓGLAIGH NA hÉIREANN

Tá clár iomlán imeachtaí agus tionscnamh beartaithe ag na Fórsaí Cosanta chun comóradh a dhéanamh ar bhunú Óglaigh na hÉireann:

- **Foilseachán Chomóradh Céad Bliain na bhFórsaí Cosanta** – stair na bhFórsaí Cosanta mar aon le cóipeanna de thart ar 200 grianghraf agus cáipéis. Is í 1922 an bhliain a phléitear sa leabhar.
- **Céad bliain ó tugadh na beairicí míleata ar lámh -** tá searmanais oiriúnacha á bpleanáil faoi láthair faoi stiúir Óglaigh na hÉireann chun tabhairt ar láimh bheairicí éagsúla a chomóradh.
- **Searmanais leagan bláthfhleisce -** Déanfaidh Óglaigh na hÉireann comóradh ar chéad bliain ó maraíodh Cathal Brugha agus Michael Collins ag searmanas leagan bláthfhleisce i nDún Chathail Bhrugha i Ráth Maonais i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2022 faoi seach.
- **Comóradh Céad Bliain Bhunú an Aerchóir agus Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann.**
- **An tAonad Tacaíochta Pobail -** Leanfaidh an tAonad Tacaíochta Pobail de chuid na bhFórsaí Cosanta ag glacadh páirte in imeachtaí éagsúla faoi stiúir an phobail ar siúl ar fud na tíre sna blianta atá romhainn.
- **Seimineáir / Comhdhálacha -** Tá comhdháil stairiúil dhá lá á pleanáil ag an gCartlann Mhíleata i mí Mheán Fómhair, ar ghnéithe míleata an Chogaidh Chathartha i gcomhar le Cumann Stair Mhíleata na hÉireann agus leis an Ollamh Eunan O'Halpin.

3 Sraith an Phobail

Tá na húdaráis áitiúla ina gcomhpháirtithe tábhachtacha maidir le clár Dheich mBliana na gCuimhneachán agus bhí ról ceannaireachta acu i gcomóradh uilechuimsitheach, measúil, faoi stiúir an phobail a chur chun cinn leis an aitheantas, rannpháirtíocht agus tacaíocht chuí ón Stát. Tá ciste €50,000 ceadaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán do gach údarás áitiúil sa bhliain 2022 chun treisiú le tionscnaimh chomórtha oiriúnacha pobail a fhorbairt agus pleanáil maidir le tionscnaimh chomórtha na bliana 2023.

Banna fífeanna agus drumaí an Droichid Nua
Le caoinchead Chomhairle Chontae Chill Dara

Tá ról tábhach ag údaráis áitiúla ar fud na tíre i gcomóradh ionchuimsitheach a dhéanamh ar imeachtaí a tharla ina gceantair idir 1921 agus 1923.

Agus iad ag forbairt chláir Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022, cuirfidh údaráis áitiúla san áireamh:

1. Tionscnaimh a chothaíonn rannpháirtíocht leathan an phobail

Tá scéalta agus eispéiris áitiúla tábhachtach chun tuiscint a fháil ar na himeachtaí a tharla ar fud na tíre céad bliain ó shin. Beidh cur chuige cruthaitheach agus ionchuimsitheach ag údaráis áitiúla maidir le rannpháirtíocht an phobail a spreagadh trí:

- Tionscnaimh a chothaíonn agus a chuidíonn le taighde agus scoláireacht go háitiúil agus rochtain oscailte an phobail ar bhunfhoinsí cartlainne, rochtain ar ábhar digiteach áitiúil cartlainne san áireamh.
- Tacaíocht do 'Staraí Cónaithe' a chothóidh rannpháirtíocht an phobail i gClár Dheich mBliana na gCuimhneachán.
- Tacaíocht do na leabharlanna poiblí ionas go mbeidh d'acmhainn acu cur leis na bailiúcháin d'ábhar léitheoireachta a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán, ábhar do dhaoine óga san áireamh.
- Tionscadail Oidhreacht Dhigiteach (e.g. geomhapáil).
- Tionscnaimh i gcomhar leis na Forais Náisiúnta Cultúir, gníomhaíochtaí for-rochtana pobail san áireamh.
- Tionscnaimh ar líne do dhaoine ag gach aois, e.g. forbairt ábhar digiteach coimeádaithe, taispeántais ar líne, podchraoltaí, seimineáir ghréasáin, turais fhíorúla, saothair ealaíne agus cruthaitheacha, a chur ar fáil chomh maith le gníomhaíochtaí for-rochta eile ar líne do dhaoine ag gach aois.



'Ó Choimhlint go hEasaontas: Dún na nGall, 1919-1925' déantar iniúchadh ar scéal Chogadh na Saoirse, Chríochdheighilt na hÉireann agus Chogadh na gCarad i gContae Dhún na nGall sa taispeántas ar líne. In 2021, d'fhorbair Músaem Chontae Dhún na nGall turas fíorúil a ligeann don lucht féachana ar fud an domhain féachaint ar an taispeántas. Tá sé seo ar cheann de na tionscnaimh a raibh glacadh dearfach aige, a thacaigh le cur chuige difriúil i leith rannpháirtíocht saoránaigh

2. Ealaíontóirí agus Pobail Chruthaitheacha

Tá soláthar déanta i gClár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022 d'údaráis áitiúla chun €15,000 ar a laghad a chur ar fáil ó Bhuiséad Dheich mBliana na gCuimhneachán, chun tacú le healaíontóirí agus le pobail chruthaitheacha tionscadail a fhorbairt a léiríonn na himeachtaí suntasacha a tharla ar fud a gcontaetha céad bliain ó shin.

Is féidir le tionscadail ealaíne agus cruthaitheacha ó gach seánra spás agus timpeallacht thacúil a sholáthar do phobail chun imeachtaí agus téamaí suntasacha áitiúla a tharla céad bliain ó shin a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh orthu. Dearadh an tionscnamh seo chun rannpháirtíocht ó gach cuid dár bpobail a spreagadh – lena n-áirítear daoine óga agus níos sine, agus pobail nua, trí léiriú cruthaitheach ar nós scannán; podchraoltaí; ealaíontóirí / scríbhneoirí / filí cónaithe; comórtais ealaíne; scríbhneoireacht chruthaitheach; agus coimisiúin ealaíne.

Seachadfar torthaí an tionscnaaimh seo le linn samhraidh agus fómhair 2022.

3. Cúnamh do thionscnaimh nó comhshaothair leabharlainne

Tuigtear gur áit lárnach í an leabharlann ina gcuirtear fáilte roimh an bpobal agus ina ndéantar caomhnú agus cumhdach ar chomhchuimhne chathair nó chontae na leabharlainne i mbailiúchán faoi leith de leabhair, de mhapaí, de ghrianghraif, de phriontaí, de chartlann nuachtán agus de lámhscríbhinní.

Tá leabharlanna ag cothú cheangail agus spéis phobail áitiúla ó cuireadh tús le Deich mBliana na gCuimhneachán. Cuirimid fáilte roimh thionscnaimh nó comhthionscadail leabharlainne.



Cláir Fógraí Dheich mBliana na gCuimhneachán: Thug Seirbhís Ealaíon Chomhairle Chontae Mhaigh Eo, i gcomhpháirtíocht le Bailiúchán Jackie Clarke, faoi Chlár Ealaíontóir Cónaithe 2021 leis an amharc-ealaíontóir Margo McNulty do chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Ar mhaithe lena tionscadal, dar teideal 'Keepsakes', d'oibrigh na healaíontóirí le déantúsáin sa mhúsaem a bhain le Cogadh na Saoirse, leis an gConradh, agus leis an gCogadh Cathartha. Is féidir níos mó sonraí a léamh anseo.



Mar chuid de chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán Chomhairle Chontae Lú, léigh clubanna leabhar de chuid Sheirbhís Learbharlainne Chontae Lú agus Leabharlanna Thuaisceart Éireann 'A Star Called Henry' le Roddy Doyle. Cuireadh bailchríoch ar an tionscnamh le himeacht idirghníomhach lucht féachana ar líne ar an 3 Samhain 2021 i dteannta an údair, Roddy Doyle.

4. Tionscnaimh ina gcuirtear crann cuimhneacháin agus tionscnaimh ghaolmhara

Seasann an Roinn leis na húdaráis áitiúla ar mian leo roinnt den chistíocht atá ar fáil acu a chur i leith chúnamh a thabhairt do Choistí na mBailte Slachtmhara nó eagraíochtaí pobail eile ar spéis leo crann a chur nó garráin agus gairdíní cuimhneacháin a chruthú nó gnéithe eile den chineál sin mar chomóradh ar na heachtraí suntasacha atá á dtabhairt chun cuimhne i rith chéim dheiridh seo Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Tacaíonn an Roinn chomh maith leis an *Tionscnamh Ghairdíní Pobail Cuimhneacháin agus Machnaimh*, atá á stiúradh ag an Seanadóir Mark Daly, Cathaoirleach Sheanad Éireann, i gcomhpháirtíocht le ceannairí páirtí agus grúpa uile an tSeanaid, agus deartha ag an dearthóir gairdín Éireannach, Diarmuid Gavin.

Cruthaíodh an spás cuimhneacháin seo in Áras Chill Dara chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain an tsosa cogaidh, rud a chuir deireadh le Cogadh na Saoirse ar an 11 Iúil 1921.

Spás Comórtha Shos Cogaidh Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara
Le caoinchead ó Chomhairle Chontae Chill Dara

Feiceann muintir na Cathrach suiteán nua a cuireadh suas thar oíche ar an

8 Márta 2021 (Lá Idirnáisiúnta na mBan)

Faoi choim na hoíche, chuir Iníonacha Dhún Iascaigh, grúpa beag áitiúil ban, a bhí gléasta in éidí Chumann na mBan agus eidí eile a bhain leis an tréimhse, ceithre phlaic shealadacha is fiche in airde go rúnda ag áiteanna tábhachtacha mar aitheantas ar an méid a rinne mná don bhaile agus don cheantar máguaird thar na céadta bliain. Tacaíodh leis an gclár faoi Chlár Cuimhneacháin Thiobraid Árann.

Extra All At Train Platform - Grianghrafadóir Caroline Lafford

She-More le Sinéad Guckian
Comhairle Chontae Liatroma

Bhain Comhairle Chontae an Chláir úsáid as a maoiniú chun oibriú le grúpaí comórtha agus stairiúla agus daoine aonair.

Cuirtear an maoiniú ar fáil trí Leabharlann Chontae an Chláir.

Roinneadh Contae an Chláir i dtrí Bhriogáid éagsúla le linn Chogadh na gCarad – Oirthear, Iarthar agus Lár an Chláir. Tá grúpa comórtha ag gach ceantar anois – Coiste Cuimhneacháin Chogadh na Saoirse Iarthar an Chláir, Coiste Cuimhneacháin Oirthear an Chláir agus Grúpa Cuimhneacháin Lár an Chláir agus tá maoiniú tugtha againn do na trí ghrúpa chun imeachtaí ar nós Luíochán an Rinnín i mí Mheán Fómhair 1920, Mairtírigh na Scairbhe i mí na Samhna 1920 agus an iliomad luíochán agus ruathar a tharla in Iarthar an Chláir a chomóradh i mbreis agus 16 imeacht in 2021.

Fir Bhriogáid Láir an Chláir ag campa traenála i Lios Ceannúir, 1921 - cóipcheart: Leabharlann Chontae an Chláir

Is minic a dhéanann grúpaí áitiúla imeachtaí ar leith a chomóradh, e.g. tá leabhrán curtha le chéile ag Coiste Luíochán Choill an Ghleanna chun a chuimhneachán céad bliain a chomóradh. Shocraigh grúpaí ar nós Grúpa Stairiúil Lios Uí Chathasaigh agus Comhaltas Inis Cathaigh Chill Rois Laethanta Cuimhneacháin a reáchtáil ina mbíonn cainteanna stairiúla agus ceol traidisiúnta, agus is minic a sheinntear ceol traidisiúnta ag uaigheanna na ndaoine a maraíodh le linn na tréimhse. Cuimhníodh freisin ar imeachtaí áitiúla ar nós Luíochán Chora Choill, Luíochán na Fiacaile agus díoltas Shráid na Cathrach agus nuair a dhéantar leabhráin nó físeáin stairiúla a tháirgeadh, roinntear iad seo ar leathanach Dheich mBliana na gCuimhneachán na Leabharlainne ar www.clarelibrary.ie. Go dtí seo, d'oibríomar le 16 ghrúpa éagsúla.

Mar aon leis an maoiniú pobail seo, bíonn clár imeachtaí ar siúl do Sheachtain Staire Leabharlann Chontae an Chláir. I measc na n-imeachtaí bíonn léachtaí le staraithe ó Chonate an Chláir ar nós Joe Power, údar *Clare and the War of Independence*, Tomás Mac Conmara, údar *The Scariff Martyrs*, Pádraig Óg Ó Ruairc, údar *Blood on the Banner* agus Ger Browne a chuir a shaothar cuimsitheach faoi Réabhlóid an Chláir 1916-1923 ar shuíomh Gréasáin Leabharlann Chontae an Chláir. Seoltar taispeántais chomh maith, e.g. *Naíolann Chontae an Chláir (An tÁras Máithreacha agus Naíonán).*

Craoladh ár sraith léachtaí ar líne in 2020 mar gheall ar COVID-19. Bhíomar in ann lucht féachana níos leithne a mhealladh mar gheall air seo agus leanfar leis an gcur chuige hibrideach amach anseo. Tá trí Scoil Scairte de chuid Stair Éireann maoinithe againn freisin chun plé níos mine a dhéanamh ar imeachtaí - *The War of Independence in Clare Remembering David Fitzpatrick*, *Clare in the Revolutionary Period agus DeV and the Banner 1917-1926*.

I measc na dtionscadail éagsúla bhí an obair a rinneadh le Mike Hanrahan ar a thionscadal *Clare: Songs of Independence* agus maoiniú dhá chlár faisnéise – *The Rineen Ambush* le Clare FM agus *Brigades at War* le Joe Ó Muircheartaigh agus Primary Schools Resource Pack le Brian Spring.

Ghlac go leor ball den phobal páirt inár gclár do Dheich mBliana na gCuimhneachán toisc go raibh réimse leathan imeachtaí ar siúl. D'éirigh leithdháileadh nua maoinithe do ghné ealaíonta nó chruthaitheach in 2021 lucht féachana nua a mhealladh. Tá sé mar aidhm againn leanúint lenár gcuid oibre le grúpaí áitiúla, staraithe agus ealaíontóirí chun acmhainn bhuan a sholáthar chun tuiscint a fháil ar an tréimhse réabhlóideach sa Chlár.

Dolores Meaney
Comhairle Chontae an Chláir

CATHAIR CHORCAÍ

Tá rannpháirtíocht phobail i gcroílár Chlár Comórtha Chathair Chorcaí 'Dealraíonn sé gur ar an Stair atá an Locht: Éire 1913 – 1923'. Cuireadh tús leis an gClár in 2013 chun tuiscint a thabhairt do mhuintir Chorcaí ar na himeachtaí a tharla, cén fáth a tharla siad agus chun ceachtanna a fhoghlaim don lá atá inniu ann.

Tá béim á cur ar shaol 'chosmhuintir Chorcaí' sa tréimhse chomórtha seo agus tá úsáid á baint as léachtaí, díospóireachtaí agus taispeántais chun a léiriú agus a fhiosrú cén tionchar a bhí ag na hathruithe corraitheacha a tharla ar ghnáthshaolta laethúla.

Beidh taispeántais, léachtaí agus imeachtaí inár Músaem, inár gCartlann Chathrach agus Chontae agus inár Seirbhís Leabharlainne, mar chuid de Chlár Cuimhneacháin 1922, agus cuirfear tús leis an gclár le:

- *Tadhg Barry, Rebel and Revolutionary* i gCartlann na Cathrach agus an Chontae,
- *By Every Means at our Command* i Músaem Poiblí Chorcaí, agus
- *People in their Places: Ordinary Lives in Cork 1921-22* i Leabharlann Chathair Chorcaí.

Reáchtálfaidh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh Comhdháil Náisiúnta Chogadh na gCarad chun comóradh a dhéanamh ar thús an chogaidh sna Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath. Cuirfidh Clár Cuimhneacháin Chathair Chorcaí leis an imeacht seo. Déanfar comóradh ar dhá imeacht bharrthábhachtacha i mbliana, bás Michael Collins i mí Lúnasa agus bunú Shaorstát Éireann i mí na Nollag. Tabharfar 'Mí Uí Choileáin' ar mhí Lúnasa i Leabharlann na Cathrach. Ceapfar staraí cónaithe chun clár nuálach a eagrú chun spéis shaoránaigh Chorcaí in imeachtaí 1922 agus torthaí na n-imeachtaí sin a spreagadh: daoine óga, daoine nua a tháinig isteach inár bpobal agus daoine níos sine ina measc. Beidh tionscnaimh for-rochtana i scoileanna agus i ngrúpaí pobail sa chlár mar aon le dhá mhórthaispeántas, ceann amháin ar *Shaol agus Oidhreacht Mhichíl Uí Choileáin* agus ceann amháin ag deireadh na bliana faoin téama *Machnamh: Éire ag an am sin agus anois.*

Reáchtálfar siompóisiam dhá lá i mí Mheán Fómhair chun spás sábháilte a chruthú le haghaidh plé agus díospóireachta ar théamaí Oidhreacht Mhichíl Uí Choileáin agus Fhobairt na hÉireann mar Stát Neamhspléach.

Nicky Carroll - *Comhairle Cathrach Chorcaí*





Michael Collins ag fáil bláthanna i gcathair Chorcaí i mí an Mheithimh 1922
Íomhá le caoinchead Noel Scannell

Sochraid Michael Collins, Bóthar an Iarthair, 1922
Ó Picture That, A Century of Cork
Le caoinchead Chartlann an Irish Examiner

Béal na Bláth 2022

B'fhéidir gurb é lámhach marfach Michael Collins i mBéal na mBláth ar an 22 Lúnasa 1922 an imeacht i gContae Chorcaí is fearr a fhanann i gcuimhne Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad. Ar an lá cinniúnach sin, bhí Michael Collins i gconbhua de chuid an Airm Náisiúnta nuair a rinne daoine in aghaidh an Chonartha luíochán roimhe. Tar éis cath gunna, scaoileadh Collins sa cheann agus maraíodh é. Dúirt Emmet Dalton, a bhí ina theannta ar an lá:

> "Very gently I raised his head on my knee and tried to bandage his wound, but owing to the awful size of it, this proved very difficult. I had not completed my grievous task when the big eyes quietly closed, and the cold pallor of death overspread the General's face. How can I describe the feelings that were mine at that bleak hour, kneeling in the mud of a country road not twelve miles from Clonakilty, with the still bleeding head of the Idol of Ireland resting on my arms?"
>
> - Freeman's Journal 22 Lúnasa 1923

Cuireadh suas cuimhneachán Mhichíl Uí Choileáin ag Béal na Bláth in 1924 agus reáchtálann Coiste Cuimhneacháin Bhéal na Bláth cuimhneachán ann gach bliain. Bhuail Comhairle Chontae Chorcaí leis an gCoiste go rialta agus iad ag ullmhú don chomóradh céad bliain i mbliana. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige atá le glacadh maidir le haon fheabhsú féideartha ar an suíomh ag Béal na Bláth, bhunaigh Comhairle Chontae Chorcaí grúpa inmheánach oibre tras-stiúrthóireachta. Tá foireann Cheantar Cathrach, Aonad Tionscadal Caipitil agus Aonad Oidhreachta na Comhairle sa ghrúpa oibre, ag tabhairt réimsí saineolais éagsúla chuig an togra. Déanann priosabail mhaithe oidhreachta eolas don togra seo agus tá an togra ag teacht leis na prionsabail sin. Tugadh faoi Anailís ar Thírdhreach Seandálaíochta, tacaithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2020, agus tugadh faoi fhorbairt cód dearaidh don láithreán in 2021.

Feabhsóidh an dearadh a forbraíodh don suíomh ní hamháin cuma an tsuímh ach tabharfaidh sé tuiscint do chuairteoirí a thagann ar lá comórtha, nó am ar bith eile i rith na bliana ar stair na háite. Beidh an cuimhneachán níos inrochtana mar gheall ar an dearadh nua agus ceadóidh sé rochtain níos sábháilte ón mbóthar poiblí, ag cur an tsuímh i gcomhthéacs níos leithne thírdhreach Bhéal na Bláth ionas gur féidir imeachtaí an lae chinniúnaigh sin ar an 22 Lúnasa 1922 a shamhlú.

Tacaíonn an an Rialtas leis an moladh chun an suíomh a fheabhsú agus chuir Roinn an Taoisigh, An Roinn Cosanta, agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoiniú agus acmhainní ar fail chun seachadadh tráthúil an tionscadail i gCorcaigh a chinntiú in 2022. Conor Nelligan Comhairle Chontae Chorcaí

Conor Nelligan
Comhairle Chontae Chorcaí

Scaoiltear rois piléar ag Béal na Bláth (Chéad chomóradh bhás Michael Collins), Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Corp Michael Collins á thabhairt ón Leas-Ardeaglais, Baile Átha Cliath Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Bordering Realities - Youth's Creative Response to Borders

Cad a chiallaíonn an focal 'teorann' do dhaoine óga an lae inniu? Is tionscadal comhoibríoch ildisciplíneach é seo a spreagann daoine óga trí cheol, drámaíocht, rince, scríbhneoireacht chruthaitheach agus na healaíona chun freagra cruthaitheach a thabhairt ar an gcríochdheighilt agus ar an saol feadh na teorann. Déanfaidh coimeádaí cónaithe taighde agus dearfaidh sé/sí clár, ag obair i gcomhar le cleachtóirí cruthaitheacha eile, chun daoine óga a mhealladh chun foghlaim faoin tréimhse ama seo i stair na hÉireann agus leis na torthaí foghlama sin a úsáid chun léiriúchán a chur le chéile a bheidh ar siúl in 2023 sa dá chontae.

Tabharfaidh an tionscadal seo deis do dhaoine óga teacht le chéile chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha a dhéanamh agus scileanna nua a fhoghlaim chomh maith. Tabharfar deis do na daoine óga oibriú le healaíontóirí éagsúla i seánraí éagsúla agus taithí saoil a fháil. Cuirfidh an tionscadal seo tuairimí dhaoine óga chun tairbhe i ngach céim forbartha. Tá sé mar aidhm againn oibriú le hamharclanna óige sa dá chontae chomh maith le Youthreach, le clubanna óige agus le hionaid soláthair dhírigh chun oibriú le daoine óga nach gcloistear go minic chun iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna healaíona.

Tabharfaidh an tionscadal seo deis d'ealaíontóirí áitiúla forbairt garimiúil leanúnach a dhéanamh. De réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh, aithneoimid cén bhreisoiliúint a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil d'ealaíontóirí áitiúla agus cuirfimid ar fáil é. Bainfimid úsáid as doiciméad Chomhairle Náisiúnta na nÓg, 'Capturing the Magic' ag deireadh an tionscadail chun an tionscadal a mheas le haghaidh forbairtí amach anseo.

Cuirfidh an tionscadal seo lenár bpleanáil straitéiseach chun déileáil le ceisteanna stairiúla nó sóisialta, ag déanamh comparáide idir an t-am atá thart agus an lá atá inniu ann, trí úsáid a bhaint as na meáin chruthaitheacha agus na healaíona. Beidh an tionscadal ar aon dul le tionscadail eile Dheich mBliana na gCuimhneachán agus Éire Chruthaitheach, cosúil leis an tionscadal *Beochan Digiteach Bordering Realities* i gContae Mhuineacháin.

Comhpháirtithe: Comhairle Chontae an Chabháin, Comhairle Chontae Mhuineacháin agus Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin.

Deirdriu McQuaid
Comhairle Chontae Mhuineacháin

Emma Clancy
Comhairle Chontae an Chabháin

Grúpa drámaíochta amaitéaraí Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin. Dar dáta 1920 Íomhá le caoinchead Mhúsaem Chonate Mhuineacháin

FINE GALL

Tá sé mar aidhm ag Plean Comórtha Chomhairle Contae Fhine Gall díriú ar imeachtaí agus ar dhaoine a bhfuil baint le Fine Gall acu go sonrach, agus cuirfidh an comhthéacs áitiúil seo leis an gclár comórtha náisiúnta.

Díreoidh clár na bliana seo ar Frank Lawless TD. Tá aithne mhaith againn ar cheannairí réabhlóid na hÉireann ach bhí leibhéal eile cheannairí réigiúnacha ann chomh maith a chuir an réabhlóid chun cinn ag leibhéal áitiúil.

Bhí Frank Lawless ar dhuine de na ceannairí seo, duine de na ceannairí is treallúsaí sa tréimhse sin. Rugadh é i Sord, Contae Bhaile Átha Cliath in 1870 agus tógadh é i dteaghlach feirmeoireachta. Lean Lawless a sheanathair agus a athair sa pholaitíocht náisiúnta, sular ghlac sé ról lárnach i ngluaiseacht na poblachta i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. Le linn Éirí Amach 1916, ba mháistir ceathrún an chúigiú cathlán é agus throid sé ag Cath Chill Dhéagláin. Cuireadh faoi thriail armchúirte é agus tugadh breith bháis air sular laghdaíodh an breithiúnas go deich mbliana sa phríosún. Toghadh chun an chéad Dáil é agus imtheorannú á dhéanamh air agus toghadh é gan freasúra chun an dara Dáil, áit ar vótáil sé i bhfabhar an Chonartha i mí Eanáir 1922, sular maraíodh go tragóideach é i dtimpiste bóthair i mí Aibreáin na bliana sin. Bhí a shochraid ar siúl i mBaile Átha Cliath tar éis scoilt an Chonartha agus is dócha go raibh sé ar cheann de na hamanna deireanacha a raibh Collins, de Valera agus Griffith le chéile.

Beidh taispeántas, cainteanna agus foilsiú amlíne de shaol Lawless mar chuid den chomóradh seo mar aon le himeacht pobail i mBaile an Rólaigh i mí Aibreáin 2022 ina nglacfaidh grúpaí a raibh Lawless gníomhach leo i rith a shaoil páirt. Chomh maith leis sin, déanfaidh Fine Gall comóradh ar chéad bliain ó bunaíodh na Gardaí Síochána le taispeántas agus imeachtaí áitiúla.

Karen de Lacey, *Cartlannaí Contae*
Catherine Keane, *Leabharlannaí Sinsearach*

Griffith & Collins Leabhar
Íomhá le caoinchead Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath

Daoine cruinnithe ar na céanna ag féachaint ar léigear na gCeithre Cúirteanna i mí an Mheithimh 1922
Grianghraf le caoinchead Comhairle Contae Fhine Gall

CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Díreoidh Clár Comórtha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do 2022 ar an gcaoi ar chuir na himeachtaí tábhachtacha a d'eascair as bunú an Rialtais Shealadaigh agus briseadh amach an Chogaidh Chathartha isteach ar shaol na ndaoine a raibh baint dhíreach acu leo agus ar chosmhuintir Bhaile Átha Cliath a bhí ina gcónaí agus d'oibrigh sa Chathair.

Déanfar comóradh ar imeachtaí suntasacha ar nós Chath Bhaile Átha Cliath, forghabháil na gCeithre Cúirteanna, an stailc ghinearálta, agus básanna suntasacha, básanna Arthur Griffith agus Michael Collins san áireamh. Luigh Collins faoi ghradam stáit i Halla Chathair Bhaile Átha Cliath ón 24 go dtí an 28 Lúnasa 1922, agus beidh bás Collins i gcroílár imeachtaí comórtha le staraithe cónaithe na Comhairle, staraithe eile agus comheagraíochtaí eile.

Pléifidh staraithe a gcuid saineolais i gclár Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath a bheidh ar siúl ar fud na cathrach. Beidh cur chuige hibrideach le meascán d'imeachtaí digiteacha agus ar an láthair agus beidh lucht féachana idirnáisiúnta in ann féachaint orthu. Mheall cláir ar líne in 2020 agus 2021 lucht féachana ar fud an domhain agus beidh siad ag súil go mór le himeachtaí 2022.

Leanfaidh an Chomhairle lena scéim deontas comórtha, a thacaíonn le pobail áitiúla chun iniúchadh agus comóradh a dhéanamh ar stair a gceantar.

Sa chúlra, leanfar le cáipéisí, grianghraif agus earraí inbhailithe a chur ar fáil sa chlár digitithe trínár gcomhpháirtíocht le Taisclann Dhigiteach na hÉireann.

Brendan Teeling
Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath

Aleen Isabel Cust 1868 - 1937
An chéad bhean a ceapadh ina tréidlia sa Bhreatain agus in Éirinn

Bean cheannródaíoch ab ea í Aileen Crust as Tiobraid Árann a thosaigh mar iníon léinn tréidliachta i gColáiste Tréidliachta Dhún Éidean. Cháiligh sí in 1900 ach ní raibh cead aici tréidlia a thabhairt uirthi féin mar dúirt Coláiste Ríoga na dTréidlianna nach raibh de chumhacht acu glacadh le mná. Bronnadh a cáilíocht uirthi níos mó ná 20 bliain níos déanaí, i mí na Nollag 1922.

Rugadh Aleen Isabel Cust ar an 7 Feabhra 1868 i Mainéar an Chorrdhaingin i gContae Thiobraid Árann. Bhí sí ar dhuine de sheisear páistí de chuid an Ridire Leopold agus an Bhantiarna Isabel Cust. Fuair a hathair, gníomhaire talún do theaghlach Smith-Barry, bás nuair a bhí Aleen 10 mbliana d'aois agus chuaigh a teaghlach go Sasana lena máthair.

Thacaigh a caomhnóir lena cinneadh chun staidéar a dhéanamh ar an tréidliacht, in ainneoin nach raibh a máthair sásta. Chláraigh Aleen sa Choláiste Nua Tréidliachta i nDún Éidean. Iníon léinn den chéad scoth ab ea í, agus d'éirigh léi na gráid is fearr ina rang a bhaint amach sa chéad bhliain. Chuir sí a cuid oiliúna i gcrích in 1900, ach ní raibh cead aici úsáid a bhaint as an teideal 'tréidlia' toisc gur bhean í.

Bhí teistiméireachtaí iontacha ag Aleen agus nuair a chuala William Byrne, tréidlia a raibh ardmheas air ó Áth Liag, Co Ros Comáin, faoina cás, thairg sé ról di ag obair mar chúntóir. Cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe í ina cigire tréidliachta faoi na hAchtanna um Ghalair Ainmhithe, ceapachán a shéan Coláiste Ríoga na dTréidlianna toisc nach raibh aitheanas gairmiúil aici. Fógraíodh an post arís, agus nuair a roghnaíodh Cust don phost in 1906 rinneadh comhaontú ina ndearna sí a cuid dualgas faoin teideal leasaithe 'cigire'. Fuair Aleen cead neamhláithreachta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 1915 agus thiomáin sí a carr féin go Abbeville sa Fhrainc chun oibriú go deonach chun cóir leighis a chur ar agus aire a thabhairt do chapaill ar an bhFronta Thiar.

Leis an Acht um Dhícháiliú Gnéis (Baint) in 1919, cuireadh cosc ar mhná a eisiamh ó ghairmeacha, agus chiallaigh sé sin gur ceanglaíodh ar Choláiste Ríoga na dTréidlianna ballraíocht Aleen a bhreithniú. Bronnadh a dioplóma uirthi faoi dheireadh i mí na Nollag 1922. Dhíol sí a cleachtas in Éirinn in 1924 agus bhog sí go Plaiford, Hampshire, Sasana. Fuair Aleen bás in Iamáice ar an 29 Eanáir 1937. Ina huacht d'fhág sí £5,000 do scoláireacht i dtaighde tréidliachta (i bhfabhar ban-iarrthóirí), agus £100 do chonchró i gColáiste Ríoga na dTréidlianna i gcuimhne ar a gcuid spáinnéar.

Bhunaigh grúpa beag tréidlianna ar scor nó leath ar scor Cumann Cuimhneacháin Aleen Cust. Tháinig an grúpa le chéile ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae Ros Comáin agus Comhairle Chontae Thiobraid Árann le misean amháin - chun cuimhneamh ar an mbean chróga, dhiongbháilte, Éireannach seo. Tá comhdháil, dráma, leabhar, taispeántas, clár idirbhliana do scoileanna, StoryMap, podchraoltaí agus físeáin sa chlár imeachtaí atá beartaithe.

Cumann Cuimhneacháin Aleen Cust
aleencust2022@gmail.com

Marie Mannion
Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe
mmannion@galwaycoco.ie

Nollaig Feeney
Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Ros Comáin
NFeeney@roscommoncoco.ie

Róisín O'Grady
Oifigeach Oidhreachta,
Comhairle Chontae Thiobraid Árainn
roisin.ogrady@tipperarycoco.ie

Íomhá c. 1900 tar éis di Coláiste Ríoga na dTréidlianna a fhágáil
Foinse: dírbheathaisnéis Connie Ford (Bristol Biopress 1990)

AN IARMHÍ

I mí Feabhra 1922, thug Seán Mac Eoin óráid i mBaile Átha Luain os comhair thart ar 10,000 duine chun comóradh a dhéanamh ar thabhairt Bheairicí Victoria ar lámh Rialtas Sealadach na hÉireann. Gheall Mac Eoin ré nua d'Éirinn ina óráid a tuairiscíodh go forleathan sna meáin náisiúnta agus rinne Nuacht Pathé taifead ar imeachtaí an lae sin. Imeacht tábhachtach ab ea é i stair Bhaile Átha Luain, na hIarmhí agus an réigiún mórthimpeall.

Rinne Mac Eoin tagairt ina oráid do Sháirsint Custume a fuair bás agus é ag cosaint Átha Luain le linn Léigear Mór 1691. Is gné shuntasach de lár Bhaile Átha Luain í an bheairic fós. Bunaíodh í tar éis an léigir agus chónaigh garastúin Arm na Breataine inti ar feadh níos mó ná dhá chéad bliain. Anois, den chéad uair, bhí an an bheairic faoi smacht fhórsaí na hÉireann agus athainmníodh é mar Bheairic Custume.

Imeacht mór ab ea é tabhairt ar lámh Bheairic Bhaile Átha Luain go háitiúil agus go náisiúnta. Tharla sé idir scoilt an Chonartha agus briseadh amach Chogadh na gCarad i mí an Mheithimh 1922 agus is minic a chaitheann na himeachtaí sin scáil air. Rachaidh Comhairle Chontae na hIarmhí i ngleic leis sin trí chomóradh agus iniúchadh a dhéanamh ar an ngné tábhachtach seo de stair na tíre. Ach tarraingíodh an bheairic isteach i gcoimhlint nua go luath.

I mí Aibreáin 1922, bhí aird na tíre ar an Iarmhí arís nuair a scaoileadh marbh an Briogáidire-Ghinearál Geogre Adamson i mBaile Átha Luain. Bhí eagla ar mhuintir na tíre ag an am go gcuirfí tús le cogadh cathartha agus chuir a bhás in iúl dóibh go raibh seans maith ann go dtarlódh sé. Bhí ról tábhachtach ag an Iarmhí sa Chogadh Cathartha ina dhiaidh sin trí bhailte ar nós Mhuileann gCearr agus Átha Luain agus déanfaidh Comhairle Chontae na hIarmhí iniúchadh ar an stair sin.

Melanie McQuade
Comhairle Chontae na hIarmhí

Arm na Breataine ag fágáil na Beairice
Le caoinchead Chomhairle Chontae na hIarmhí

4 Sraith na Samhlaíochta Cruthaithí

Leanfar de léiriú na healaíne agus na cruthaitheachta a spreagadh faoi chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022. Beidh ról tábhachtach ag saothair ealaíne agus cruthaitheacha maidir le machnamh, fiosrú agus plé a chothú ionas gur féidir le daoine ó gach traidisiún ceisteanna casta a chíoradh agus a mheas.

Cuireann rannpháirtíocht chultúrtha deis shábháilte ar fáil chomh maith chun scéalta casta a eascraíonn ó chríochdheighilt na hÉireann a chíoradh.

Cuirfidh an Chomhairle Ealaíon, na húdaráis áitiúla, na Forais Náisiúnta Cultúir, na hEagraíochtaí Náisiúnta Ealaíon agus eagraíochtaí áitiúla cultúir tacaíocht thábhachtach ar fáil don tSraith seo. Aithníonn an Sainghrúpa Comhairleach do Chuimhneacháin Chéad Bliain a ról suntasach mar idirghabhálaithe cultúrtha – ag déanamh bainistíochta ar an bplé agus ag spreagadh an phobail ar bhealach fiúntach trí léiriú cruthaitheach

Obair 'Original Sins' idir lámha, grianghrafadóir Colin Crisford
Le caoinchead Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Filíocht chun Comóradh a Dhéanamh

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo, a d'fhorbair agus a reáchtáil Cartlann Léamh Filíochta COBÁC, daoine ar oileán na hÉireann a spreagadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár stair chomhroinnte trí úsáid chruthaitheach a bhaint as ábhar cartlainne a bhaineann le Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad. Tá scéalta dhaoine aonair á gcoimeád i gcartlanna ar fud na tíre - i litreacha, i ndialanna agus i gcuimhní cinn. Nochtann cáipéisí poiblí gníomhaíochtaí agus eispéiris ghrúpaí agus eagraíochtaí, ag cabhrú linn tuiscint níos fearr a fháil ar chúinsí na linne.

Tugann filíocht chomórtha tuiscint níos fearr dúinn ar Éirinn san am atá caite agus cabhraíonn sé linn iniúchadh a dhéanamh ar thréimhse dhúshlánach inár gcuid staire le meon oscailte agus ionchuimsitheach. D'fhéadfadh filíocht chomórtha aghaidh a thabhairt ar thionchar imeachtaí suntasacha ar shaolta ghnáthdhaoine, agus tuiscint chomhroinnte ar na himeachtaí seo a chur chun cinn ag leibhéal náisiúnta.

Oibreoidh Cartlann Léamh Filíochta na hÉireann i gcomhpháirtíocht le Fílíocht Éireann agus comhoibreoidh sí le raon éagsúil filí, institiúidí, grúpaí agus daoine aonair ar fud oileán na hÉireann chun aschur nuálach agus samhlaíoch a sheachadadh, lena n-áirítear:

- **Coimisiúnú rogha dánta** - as Béarla agus as Gaeilge - ar ábhair, ar théamaí agus ar imeachtaí a bhfuil eolas fúthú i mbunfhoinsí a bhaineann le Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad atá á gcoimeád i gcartlanna ar fud na tíre. Foilseofar na dánta coimsiúnaithe seo i leabhar clóite a thabharfar do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus déanfar iad a thaifeadadh agus a chaomhnú i Leabharlann Léamh Filíochta COBÁC agus beidh siad ar fáil do lucht léitheoireachta domhanda, ag cinntiú go mbeidh na dánta ina gcodanna d'insint na staire seo sa todhchaí.

- **Spreagfaidh clár cuimsitheach ceardlanna scríbhneoireacht chruthaitheach** do dhaoine fásta agus do pháistí ar fud oileán na hÉireann pobail chun saothar nua a chruthú trí féachaint ar bhunfhoinsí atá á gcoimeád i gcartlanna áitiúla ar fud an oileáin agus foghlaim uathu. Éascóidh filí na ceardlanna seo a reáchtálfar i leabharlanna poiblí, scoileanna agus ionaid phobail.

- **Clár filíochta i spásanna poiblí** chun lucht éagsúil léitheoireachta ar oileán na hÉireann a mhealladh - lena n-áirítear comhordú taifead a dhéantar mar chuid den tionscadal do Júcbhosca Taistil Filíochta a rachaidh ar camchuairt i mbailte agus i gcathracha sna ceithre cúige; suiteáin Rain Poetry, léamha poiblí, seoladh leabhair agus siompósiamaí.

Reáchtálfar an tionscadal seo go dtí 2023.

Dúirt Evelyn Flanagan, duine de bhunaitheoirí Chartlann Léamh Filíochta Leabharlann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, mar aon leis an Dr Lucy Collins agus Ursula Byrne:

"Táimid thar a bheith sásta le tacaíocht an Rialtais don tionscadal cruthaitheach dhá bhliain seo. Is deis iontach í seo do Chartlann Léamh Filíochta na hÉireann, ag obair i gcomhar le Filíocht Éireann, turas fionnachtana a éascú a mheallfaidh scríbhneoirí ag gach aois agus leibhéal taithí agus a spreagfaidh iad chun inspioráid a fháil as ábhar cartlainne a bhaineann le Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad.

Cuirfidh imeachtaí agus suiteáin beocht san fhocal scríofa inár spásanna poiblí, ag léiriú filíochta do lucht féachana nua agus ag taispeáint dearcthaí uathúla ar an am atá thart. Déanfar taifead ar na himeachtaí agus na hábhair seo go léir sa chartlann, agus beidh fáil ag na glúnta atá le teacht orthu."



UCDA P17a/289 Papers of Ernie O'Malley

St-Kevins
Iona Drive November 1st 23

Sir.
My Sons - Ernest, Cecil, & Patrick O'Malley - are on hunger strike - Ernest is in Kilmainham - lying at deaths door. He has been in gaol for twelve months. and seriously wounded before he was arrested. I repeat those particulars already well known to you to impress on you the danger of a sudden collapse in his case. Cecil & patrick imprisoned (because they were Ernest O'Malley's brothers, without trial or charge - I warn you solemnly that if my sons die & shall



UCDA P17a/289 Papers of Ernie O'Malley

take steps to have you indicted for their murder
Signed
Marion O'Malley
Witnessed by -
Lena Coffe.
Amelia Godsil.

Litir bhunaidh ó Marion O'Malley chuig Richard Mulcahy maidir le cur i bpríosún a triúr mac Ernie, Cecil agus Patrick
UCDA P17a/289 Papers of Ernie O'Malley

Ag féachaint ar Éirinn: An Ealaín, an Cultúr agus an Chumhacht i bPáras, 1922

Céad bliain tar éis dó tarlú, sheol an tAire Catherine Martin athchruthú fíorúil Choláiste na Tríonóide **d'Exposition d'Art Irlandais,** a bhí ar siúl ar feadh míosa ón 28 Eanáir 1922 agus a bhí ar cheann de na taispeántais is suntasaí de chultúr agus ealaín na hÉireann i nua-stair na hÉireann.

Ba é Exposition d'Art Irlandais an chéad taispeántas ealaíne urraithe ag an Stát agus mar sin b'imeacht barrthábhachtach é i gcruthú chanóin nua-ealaíne na hÉireann. Bhí sé ar siúl ag an am céanna is a bhí **Comhdháil Dhomhanda Shliocht na hÉireann** – tionól polaitiúil a reáchtáladh ag am tábhachtach i stair na hÉireann, díreach tar éis shíniú an Chonartha Angla-Éireannaigh i mí na Nollag 1921 agus díreach sular tharla 'an scoilt'. Tháinig polaiteoirí Éireannacha, toscairí de chuid an diaspóra agus lucht féachana idirnáisiúnta le chéile ag an gcomhdháil chun plé a dhéanamh ar ghnóthaí na hÉireann. D'fhreastail triúr fear ar an gComhdháil a bhí ina nUachtarán de chuid na hÉireann tar éis sin: Douglas Hyde, Seán T. O'Kelly agus Eamon de Valera.

Dealraíonn sé gur léirigh Páras todhchaí chultúr na hÉireann go luath in 2022. D'fhoilsigh James Joyce *Ulysses* an mhí chéanna agus a reáchtáladh an taispeántas i bPáras. D'oscail an dearthóir Eileen Gray, a raibh cáil dhomhanda uirthi, a Galerie Jean Dessert sa bhliain chéanna.

Beidh dhá imeacht ag Coláiste na Tríonóide mar chuid den chlár. Ar an gcéad dul síos, athchruthú fíorúil d'Exposition d'Art Irlandais, agus ar an dara dul síos, reáchtálfar comhdháil chomhoibríoch chun machnamh a dhéanamh ar an gcomhdháil agus ar an taispeántas ina gcomhthéacs níos leithne domhanda.

Cuirfidh an suíomh gréasáin an Chomhdháil i gcomhthéacs go stairiúil. Beidh an taispeántas ealaíne in athchruthú digiteach saincheaptha de Galerie Barbazanges í féin, ina mbeidh níos mó ná 100 de na 280 saothar ealaíne a taispeánadh curtha i gcomhthéacs.

Ciaran O'Neill & Billy Shortall
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Paul Henry (1877 - 1958), A West of Ireland village (Un village de l'ouest de l'Irlande), 1921, Pictiúr Ola ar Chanbhás, 65 x 81 cm. Bailiúchán: Musée National d'Art Moderne, Centre Georges Pompidou, Páras

Stáit Nua-Aimseartha: Ag cruthú Éireann i bPáras 1922 | 2022

An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Mar chuid de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán, le tacaíocht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, beidh sraith uaillmhianach imeachtaí agus taispeántais cónasctha ar siúl i Meán-Iarthair na Stáit Aontaithe, in Éirinn agus i bpríomhchathracha na hEorpa in 2022 chun machnamh a dhéanamh ar na himeachtaí a tharla 100 bliain ó shin, chun scrúdú a dhéanamh ar an aistear a rinne Éire agus féiniúlacht na hÉireann i gcéad bliain de státacht, agus chun breathnú ar an gcéad bliain atá romhainn in Éirinn. I measc na gcomhpháirtithe san iniúchadh seo ar bhunú stát na hÉireann agus fhéiniúlacht na hÉireann tá: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Bailiúchán O'Brien – Chicago, an Músaem Snite agus Institiúid KeoughNaughton don Léann Éireannach in Ollscoil Notre Dame, Centre Culturel Irlandais – Páras, agus Ollscoil Paris-Sorbonne.

Déanfaidh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ***Exposition d'Art Irlandaise*** 1922 a athchruthú ar líne agus tionólfaidh sé comhdháil dar teideal ***Irish Artifice: Art, Culture and Power in Paris,*** 1922. Lena tionscadal Global Ulysses, scrúdóidh Institiúid Keough-Naughton don Léann Éireannach in Ollscoil Notre Dame tionchar Ulysses agus conas a léirítear téamaí shaothar ceannródaíoch Joyce sa lá atá inniu ann; beidh siompóisiamaí ar siúl i bPáras, sa Róimh agus i mBaile Átha Cliath. Reáchtálfaidh Músaem Ealaíne Snite in Notre Dame, ag obair le Bailiúchán Uí Bhriain, taispeántas ***Who Do We Say We Are?*** Ealaín na hÉireann 1922 | 2022. Sa chéad leath de 2022, tabharfaidh Séasúr Comórtha Céad Bliain Centre Culturel Irlandais léargas ar oidhreacht Ulysses agus Shaorstát Éireann ó pheirspictíocht chomhaimseartha le clár uaillmhianach taispeántas agus tionscadal. Tabharfaidh cumadóirí agus ceoltóirí Gael-Mheiriceánacha mór le rá freagraí ceoil ar thionscnamh Stáit Nua-Aimseartha ar fáil agus seinnfidh siad ag ceolchoirm i mí Aibreáin ar an láthair agus ar líne.

Cruinníonn toscairí Éireannacha le chéile i bPáras le haghaidh Chomhdháil Dhomhanda Shliocht na hÉireann i mí Eanáir 1922 - Grianghraf: Bibliothèque Nationale de France

AN CHOMHAIRLE EALAÍON

Tá clár náisiúnta ealaíon á phleanáil ag an gComhairle Ealaíon i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar fhreagra ar an gcéim dheireanach de Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023 dar teideal Ealaín: 2023.

Iarrtar ar ealaíontóirí agus ar eagraíochtaí ealaíon saothar nua spreagúil a chruthú, agus machnamh á dhéanamh ar théamaí Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023. Reáchtálfar an clár in 2022 agus 2023.

Beidh an Clár nua seo ina ardán don phobal agus don Stát, agus ina dheis ar leith d'ealaíontóirí samhlaíocht na hÉireann a spreagadh agus breathnú ar Dheich mBliana na gCuimhneachán ar bhealach nua. Tógfaidh an clár ar chlár Ealaín: 2016 a reáchtáil an Chomhairle Ealaíon cheana féin le tacaíocht ón Rialtas.

Sa chlár seo beidh

Glaoch Oscailte 2023 - Glaoch ar Ealaíontóirí

Iarrfaidh Glaoch Oscailte 2023 ar ealaíontóirí agus ar eagraíochtaí machnamh a dhéanamh ar théamaí Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán agus saothar a fhorbairt a léiríonn áit agus féiniúlacht in Éirinn an lae inniu. Tionscadail chomhoibríocha cheannródaíocha uaillmhianacha a bheidh sa tionscadail mhóra seo a léireofar don phobal agus a mbeidh tionchar mór acu.

Réachtálfar Seimineáir Ghlaoch Oscailte go luath in 2022 ina léireofar stair na tréimhse, an tionchar a bhí ag imeachtaí stairiúla ar dhaoine, ar an tsochaí, ar an diaspóra agus ar an Stát. Cabhróidh na seimineáir le heolas a thabhairt agus comhthéacs a sholáthar don chlár seo le haghaidh Dheich mBliana na gCuimhneachán.

An Chéad Ghlúin Eile – Gradaim, Siompóisiam agus Leabhar

Tá ealaíontóirí tar éis sochaí na hÉireann a mhúnlú, a léiriú agus a threorú le céad bliain anuas. Aithníonn an snáithe cláir seo an ról ríthábhachtach seo trí cheiliúradh a dhéanamh ar ár nEalaíontóirí sa Chéad Ghlúin Eile.

Cuireadh tús le Gradam an Chéad Ghlúin Eile in 2016 chun tacú le healaíontóirí cumasacha i ngach disciplín ag céim luath ach thábhachtach ina ngairmeacha mar chuid de chlár **Ealaín: 2016.**

Fuair 113 ealaíontóir an gradam go dtí seo, le luach iomlán de thart ar €1.9m. Faoi 2023, beidh 150 ealaíontóir tar éis ghradam na Chéad Ghlúine Eile a fháil agus tabharfar cuireadh dóibh go léir páirt a ghlacadh i siompóisiam ina léireofar ról an ealaíontóra i sochaí na hÉireann ó bunaíodh an Stát.

Clár rannpháirtíocht phobail ó cheann ceann na tíre

Féachtar ar thodhchaí na hÉireann sa snáithe cláir seo, agus muid ag bogadh isteach sa chéad bliain eile i stair an Stáit. Ag léiriú nádúr roinnte ár gcuid staire agus úinéireacht na todhchaí, snáithe cláir bunaithe ar rannpháirtíocht is ea é seo.

Tabharfar cuireadh d'ealaíontóirí, eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí ealaíon tionscadail ealaíon bunaithe ar rannpháirtíocht a chruthú. Tá comhoibriú fiúntach idir pobail áité agus/nó spéise agus ealaíontóirí riachtanach, sa chaoi is go nglacann an dá pháirtí páirt i gcinneadh a dhéanamh faoi nádúr an tionscadail dheireanaigh.

Cuirfear béim sa snáithe cláir seo ar thábhacht rannpháirtíocht pobail ar fud na tíre, i gceantair, i sráidbhailte, i mbailte agus i gcathracha. I measc na dtionscnamh a d'fhéadfadh a bheith i gceist, i measc eile, tá; rannpháirtíocht sna healaíona, acmharclannaíocht, ceol, amharc-ealaíona, litríocht, na healaíona traidisiúnta, ceoldrámaíocht, rince, filíocht ó bhéal, sorcas, taispeántas, na healaíona fuaime, na healaíona forbartha agus le haghaidh daoine óga nó hibrid de dhisciplíní.

Cuirfear fáilte roimh thionscadail a chuirtear i láthair i nGaeilge agus/nó iliomad teangacha.

Forgrófar sonraí an imeachta seo sna seachtainí atá romhainn.

SCÉIM NA nEALAÍONTÓIRÍ CÓNAITHE

In 2021, feidhmíodh Scéim na nEalaíontóirí Cónaithe mar chomhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Cartlann Náisiúnta na hÉireann, an Chartlann Mhíleata agus Thar 2022 Amach|Taisclann Thaifid Fhíorúla na hÉireann.

Léiríonn na healaíontóirí seo na bailiúcháin shaibhre atá ag na hóstaigh agus oibríonn siad leo chun píosaí nuálacha agus saothar samhlaíoch a chruthú chun lucht féachana méadaithe a mhealladh chuig na bailiúcháin seo. Tugtar níos mó eolais faoi ealaíontóirí aonair agus a gcuid oibre lena gcomhpháirtithe sa chlár seo.

Reáchtálfar an scéim arís in 2022/2023 le roinnt de na comhpháirtithe thuasluaite mar aon le roinnt comhpháirtithe nua chun iniúchadh a dhéanamh ar an treo a d'imigh na bailiúcháin náisiúnta tar éis an neamhspleáchais.

Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

GRADAM MARKIEVICZ

Tugann Dámhachtainí Markievicz urraim do Constance de Markievicz – a bhí ina healaíontóir í féin – agus tacaíocht d'ealaíontóirí ó gach cúlra agus seánra chun saothar nua a chruthú a léiríonn ról na mban san am ata thart, go mór mór sa tréimhse a chlúdaítear i nDeich mBliana na gCuimhneachán.

Bronnfar dámhachtainí faoin scéim gach bliain idir 2021 agus 2023 ar suas le deichniúr ealaíontóirí (ealaíontóirí aonair a oibríonn ina n-aonair nó ealaíontóirí a chomhoibríonn le healaíontóirí eile) le luach suas le €25k i ngach dámhachtain.

Is í 2022 an ceathrú bliain den scéim rathúil seo agus bhain 22 ealaíontóir in go leor seánraí éagsúla leas as €450,000 a bronnadh faoin scéim go dtí seo.

Tá sé tábhachtach go leanfar d'aird a tharraingt ar ról na mban don chuid eile de Dheich mBliana na gCuimhneachán agus tacaíonn acmhainn Mhná100 leis an gcuspóir ardtosaíochta seo.

Mar chuid den ról ilghnéitheach agus tábhachtach a bhí ag mná na hÉireann 100 bliain ó shin agus sa chéad bliain ó shin i leith, tá Mná 100 ag obair le healaíontóirí éagsúla ar a ndearcthaí agus a gcuid ealaíne. Is é podchraoladh Touchstone Mhná 100 an chéad chuid den iniúchadh agus den phlé seo le healaíontóirí atá beartaithe in 2022, plé leis na 10 mbuaiteoirí gradaim a fógrófar i mí Aibreáin san áireamh. Beidh ceiliúradh éachtaí agus obair fhaighteoirí na nGradam mar chuid den iniúchadh seo.

Gradam Markievicz 2020 Amanda Coogan

Gradam Markievicz 2020 Amanda Coogan

Éascaíodh tréimhse thaighde faoin ngradam i gcomhair fhorbairt saothar taibhealaíne ina ndéantar inúchadh ar shaolta beirt bhan stairiúla a bhí bodhar: Charlotte Elizabeth Tonna agus Eileen Murray, agus oidhreacht na mban sin inniu. Thacaigh an gradam le buntaighde a dhéananmh ar mhná Éireannacha stairiúla a bhí bodhar agus stór focal ban de Theanga Chomharthaíochta na hÉireann atá ag imeacht as. Chuir an taighde agus na ceardlanna seo le forbairt na foirne ealaíonta agus chuir siad bonn faoi shaothar comhaimseartha uaillmhianach ealaíne ar scála mór – beirt bhan - a bhfuil mé ag súil lena léiriú sa dhá mhí dhéag atá romhainn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Ní raibh tionchar rómhór ag an bpaindéim ar thaighde agus forbairt ar leith an tionscadail seo i mo stiúideo. Bogadh ceardlanna le hAmharclann Bhaile Átha Cliath do Dhaoine Bodhra ar líne agus reáchtáil mé sraith fiche cruinniú Zoom - ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna 2020 agus arís ó mhí Feabhra go mí Aibreáin 2021. Chabraigh na ceardlanna ar líne seo le taighde ar Mhná Stairiúla Bodhra de chuid na hÉireann. Bhailíomar agus thiomsaíomar samplaí de theanga chomharthaíochta mhná Éireannacha bodhra agus rinneamar inniúchadh ar mhodhanna chun an taighde a thabhairt ón bhfocal scríofa go léiriú ar stáitse. Léiríomar físeáin ghearra beathaisnéise faoi thrí bhean Éireannacha Bodhra stairiúla dhéag i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann do Lá Idirnáisúnta na mBan 2021 agus rinneamar físeán gearr d'Fhéile na Máthairtheangacha https://mothertonguesfestival.com/ mtfest2021/can-you-see-it/ Reáchtáladh trí cheardlann níos giorra ar an láthair le príomhealaíontóirí bodhra an tionscadail Alvean Jones agus Lianne Quigley chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thaighde Bheirt Bhan.

Tar éis ceardlann ar líne le hAmharclann Bhaile Átha Cliath do Dhaoine Bodhra thug ealaíontóirí bodhra Paula Clarke agus Jane O'Brine cuireadh dom forbairt a dhéanamh ar a script; The Naked Hands agus í a stiúradh. Is léiriú 15 nóiméad os comhair an cheamara é seo, ina ndéantar iniúchadh ar stair na nDaoine Bodhra i dTuaisceart Éireann. Tá cuid mhaith de mo nótaí amhairc agus cóiréagrafacha ó thréimhse thaighde Markievicz sa saothar seo. Tá sé beartaithe agam go dtógálfar an léiriú iomlán atá le teacht ar an saothar gearr seo. https://lyrictheatre.Co.uk/whats-on/naked-hands

Léirigh mé taispeántas nua sa tréimhse seo chomh maith do shraith Mary Magdelene Ghailearaí Rua Red - They Come Then, The Birds. Chiur mé íomhá de chúpla cónasctha - duine amháin ag úsáid teanga chomharthaíochta na hÉireann agus an duine eile ag úsáid teanga chomharthaíocha na Breataine (an dá theanga chomharthaíochta a úsáidtear ar an oileán). Seo sleacht ó mo thaighde Markievicz agus beidh an cúpla cónasctha seo ina bpríomhthaibheoirí i mBeirt Bhan. http:// www.ruared.ie/gallery/exhibition/they-come-then-the-birds

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Tá m'fhoireann do léiriú Bheirt Bhan curtha le chéile agam. Táim ag súil gur mórshaothar a bheidh sa tionscadal seo. Smaoinigh mé go cruthaitheach sa tréimhse seo agus samhlaím go mbainfidh an saothar anáil d'aon duine a fhéachann air. Aithníodh comhoibrithe dílise sa taighde atá chomh tógtha leis an tionscadal is atá mé féin. Ba mhór agam gur bronnadh an gradam seo orm sa tréimhse aisteach paindéime seo agus go raibh muinín ag lucht an ghradaim as mo chuid oibre. Chabhraigh an gradam agus an fhreagracht a cuireadh orm liom díriú ar mo chuid oibre - Go raibh maith agaibh.

Táim ag obair le léiritheoirí Field: Arts chun na hacmhainní a fháil chun léiriú mór agus uaillmhianach a dhéanamh. Beidh Teanga Chomharthaíochta i groílár an léirithe, ag insint scéal bheathaí na príomhmhná bodhra Éireannacha

seo agus ag iniúchadh oidhreacht agus tionchar na mban seo; cé go dtagann siad ó thraidisiúin chontrártha ar an oileán, agus muid ag déanamh machnaimh ar theorainn agus chríochdheight an oileáin, léiríonn a gcuid saolta aontacht agus éagsúlacht. Thug bodhaire na mná seo le chéile cé go raibh dearcthaí éagsúla acu. Tá an scéal seo cumhachtach agus thar a bheith suimiúil sa tréimhse comórtha céad bliain seo tar éis an Bhreatimeachta. Táim ag súil leis an saothar iontach nua seo a roinnt libh go luath.

Amanda Coogan





Le caoinchead Conor McCabe

MÚSAEM NUA-EALAÍNE NA hÉIREANN

D'fhorbair Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann clár idirdhisciplíneach do 2022 agus 2023 chun comóradh a dhéanamh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán. Déanfaidh an Clár athmheasúnú ar ról na healaíne agus na n-ealaíontóirí maidir leis an ngluaiseacht idirnáisiúnta stairiúil i dtreo féinchinntiúcháin a fhiosrú trí scrúdú a dhéanamh ar thuiscint na hÉireann ar bhunú a stáit nua, ó thaobh ealaíontóirí agus filí de. Cuirfidh scrúdú Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann an Troid ar son na Saoirse agus bunú an Stáit i gcomhthéacs idirnáisiúnta iar-Chéad Chogadh Domhanda – go polaitiúil agus go healaíonta.

Cuirfear tús leis an tionscadal cuimhneacháin trí bhreathnú ar chultúr idirnáisiúnta na 1920idí; léirithe ar pholaitíocht nua agus riaradh stáit a tháinig chun cinn ar fud an domhain i ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Trí eispéireas na hÉireann a chur i gcomhthéacs domhanda níos leithne, tá súil ag an Músaem ár stair a oscailt d'eolas nua agus de dhearcthaí nua ónar féidir breathnú ar a snáitheanna casta faoi Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023, agus iad a scrúdú agus a cheistiú.

Tá an Músaem lonnaithe in Ospidéal Ríoga stairiúil Chill Mhaighneann agus an ceantar mórthimpeall, agus úsáidfidh an Músaem an suíomh mar ardán chun cuireadh a thabhairt do smaointeoirí agus d'ealaíontóirí scrúdú a dhéanamh ar an tréimhse stairiúil atá á comóradh i gClár Dheich mBliana na gCuimhneachán agus brí agus ábharthacht na tréimhse.

Cruthóidh agus léireoidh an Músaem taispeántas dar teideal F*éinchinntiúchán: Suirbhé Idirnáisiúnta* in 2023, tá sé i gceist ag an Músaem úsáid a bhaint as léirithe ealaíonta idirnáisiúnta féinchinntiúcháin chun an chaoi ar chonaic Éire a cumas féin a mheas agus a shamhlú ag an am seo nuair a bhí athruithe domhanda ag tarlú. Maíonn lucht an Mhúsaeim gurbh iad na healaíontóirí a shamhlaigh an todhchaí sin, agus mar sin gur chóir dúinn féachaint ar ealaíontóirí le ligean dúinn machnamh a dhéanamh ar an am atá caite.

Beidh clár forleitheadach rannpháirtíochta agus foghlama ina chuid lárnach den togra agus béim faoi leith ar chomhoibriú fiúntach a chothú le héagsúlacht iomlán na hÉireannaigh 'nua'.

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Tá taispeántais thábhachtacha beartaithe ag an nGailearaí le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán:

Taispeántas: *100 Bliain mar Náisiún*
Cuirfidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann taispeántas 100 Bliain mar Náisiún ar taispeáint agus d'fhéadfadh foilseacháin, tionscadail oideachais agus tionscadail for-rochtana don diaspóra a bheith mar chuid de.

Taispeántas: *Estella Solomons*
3ú Meán Fómhair, 2022 - 8ú Eanáir, 2023
Tá an taispeántas seo tiomnaithe do shaothar Estella Solomons. Náisiúnaí díograiseach agus ball de Chumann na mBan, rinne Solomons ceiliúradh ar Óglaigh na hÉireann agus ar an gcultúr réabhlóideach trína cuid ealaíne. Beidh ceangail pholaitíochta an ealaíontóra mar phointe tosaigh, ach pléifear gnéithe eile dá saol agus saothar chomh maith.

Taispeántas: *Keating's Allegories*
20 Lúnasa-7ú Samhain 2022
Déanfaidh an taispeántas seo, atá bunaithe ar phictiúr tábhachtach An Allegory Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, comóradh ar ról Seán Keating mar chroiniceoir cheann de na tréimhsí ba chorraí i stair na hÉireann, agus mar thráchtaire polaitiúil. Beidh líníochtaí de náisiúnaithe mór le rá sa taispeántas (Erskine Childers; John Devoy; Terence MacSwiney; Tomás MacCurtain), mar aon le féinphortráid iontach a tharraing Keating go déanach ina shaol.

Taispeántas: *Hughie O'Donoghue - Original Sins*
12 Márta-19 Meitheamh 2022
Tugtar freagra sa taispeántas suíomhoiriúnaithe seo le Hughie O'Donoghue ar phictiúr iontach de chuid Daniel Maclise, The Marriage of Strongbow and Aoife. Beidh saothar amháin i seacht gcodanna sa taispeántas agus cuirfidh sé dearcadh difriúil ar an stair in iúl.

Taispeántas: *Ón gCartlann.... Lucht féachana agus Gníomhaithe*
15 Deireadh Fómhair 2022 - 17 Meán Fómhair 2023
léireoidh abhar taispeántais Lucht féachana agus Gníomhaithe ón gcartlann eispéireas ealaíontóirí Éireannacha agus Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann é féin le linn na tréimhse réabhlóidí. Tabharfaidh an taispeántas aird ar ealaíontóirí a bhí páirteach nó a chonaic forbairtí sóisialta agus polaitíochta a bhain le Deich mBliana na gCuimhneachán agus tugtar léargas ann ar an bpáirt a ghlac siad le linn na tréimhse suaite seo.

Estella Frances Solomons, Éireannach, 1882-1968, Portráid Kathleen Goodfellow (1891-1980), c.1923 © Iontaobhaithe agus Eastát Estella Solomons

Estella Frances Solomons, Éireannach, 1882-1968 On Parole, 1920
© Iontaobhaithe agus Eastát Estella Solomons

Samhlaíochta Cruthaithí

An Allegory, 1924. Seán Keating, Éireannach, 1889-1977
©Eastát Sean Keating, IVARO Baile Átha Cliath, 2022

Comhoibriú le Fighting Words

Clár scríbhneoireacht chruthaitheach atá sa chomhshaothar seo do pháistí agus do dhaoine óga, bunaithe ar théamaí a bhaineann leis an gcuid dheireanach de Dheich mBliana na gCuimhneachán. Trí úsáid a bhaint as a gcuid samhlaíochtaí, scileanna cruthaitheacha, staire agus agus smaointe, léireoidh daoine óga gnéithe sóisialta agus cultúrtha de shaolta páistí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann le linn an Chogaidh Cathartha agus cuirfidh siad iad i gcomparáid leis an lá atá inniú ann, céad bliain níos déanaí.

Díreoidh **100 Bliain** Fighting Words ar ghnáthshaolta agus spéiseanna páistí agus daoine óga, ag an am sin agus anois. Le cur chuige leathan agus atmaisféar ionchuimsitheach, leanfaidh siad le samhlaíochtaí páistí agus daoine óga a spreagadh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann chun scéalta a chumadh a dhéanann nasc idir an saol in 1922/23, saol an lae inniu agus an saol amach anseo.

Tá réimse tionscnamh beartaithe, lena n-áirítear:

- Ceardlanna le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Iarrfar ar pháistí a smaointe féin a chur in iúl maidir le hearraí a d'fhéadfadh páistí a fhágáil i dtaisceadán todhchaí in 1922/23. Bainfear úsáid as cur chuige amthaistil in iar-bhunscoileanna.
- Scríbhneoireacht Dráma – cuirfidh seisear daoine óga ar fud na hÉireann saothar a chruthaigh siad le linn 2021 ar stáitse in Amharclann na Mainistreach in 2022 agus rachaidh siad ar camchuairt leis inár gcuid comhamharclann ar fud na tíre.
- Tionscadal beathaisnéise **daoine níos sine** le dugairí ar scor i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath.
- **Tionscadal scríbhneoireacht chruthaitheach nua ar líne** a fhorbróidh Fighting Words agus a bheidh ar fáil ar a suíomh gréasáin, meáin shóisialta agus le comhpháirtithe meán, ag spreagadh daoine óga chun scéalta scríobh agus iad fhoilsiú ar an suíomh gréasáin.
- **Tionscadal nua idirghlúine** ina dtugtar cuireadh do pháistí seanrud a roghnú, b'fhéidir rud de chuid seanghaoil agus labhairt le gaolta nó cairde agus scéal a scríobh faoi, sa chaoi is go bhféadfadh an rud féin scéal a insint. Oibreoidh Fighting Words le leabharlanna áitiúla, ionaid ealaíon agus músaeim, ag tabhairt cuireadh dóibh eolas a scaipeadh faoi na tionscadail agus ag úsáid na háiteanna seo mar ionaid chun naisc a dhéanamh idir na daoine óga a ghlacann páirt sna tionscadail ar líne.
- **Tionscdail scríbhneoireachta 100 Bliain do Chlub Scríbhneoireachta,** ag baint úsáide as físeáin ghearra chun scríbhneoirí óga a spreagadh chun scéalta a scríobh faoin saol in 1922/23 agus ag déanamh naisc le saol an lae inniu agus an saol amach anseo. Beidh deiseanna acu plé a dhéanamh le linn an tionscadail ar théamaí agus smaointe le chéile. Foilseofar na scéalta a sheolann daoine óga isteach mar dhíolaim agus i bhfoirm pochraolta.
- Tá **tionscadal speisialta leabhair** beartaithe do 2022, ina dtabharfar cuireadh do dheichniúr údar cáiliúil – cúigear ó Éirinn, cúigear ó Thuaisceart Éireann – chun gearrscéalta a scríobh faoin saol ina ndéantar machnamh ar cé muid féin.

Seoladh suíomh gréasáin nua i mí Feabhra 2022 agus beidh píosa air faoi thionscadal 100 Bliain, le cnuasach de na scéalta, de na híomhánna agus de na scannáin a chruthófar.

Gailearaí Ealaíne Crawford

Tionscadal idirghníomhach ar líne is ea é **Building as Witness** a dhíríonn ar Ghailearaí Ealaíne Crawford (ar tugadh Scoil Ealaíne Chorcaí air roimhe seo) a bhí ann le linn imeachtaí staire a bhí tábhachtach go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le linn tréimhse Chogadh Cathartha na hÉireann.

Ag tosú ar an 6 Nollaig 2021 – comóradh céad bliain an Chonartha Angla-Éireannaigh – clúdaíonn Building as Witness tréimhse Chogadh Carthartha na hÉireann agus cuirfear i gcrích é ar an 17 Aibreán 2024, céad bliain tar éis do Choiste Tiomnachta Gibson cinneadh a dhéanamh pictiúr cáiliúil Men of the South le Seán Keating a cheannach do bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Díreoidh an tionscadal ar stair bhailiúcháin agus chartlann Ghailearaí Ealaíne Crawford a ndearnadh dearmad orthu, mar aon le himeachtaí agus daoine polaitíochta, tráchtála agus pobail agus grúpaí sósialta a raibh baint acu leis an bhfoirgneamh agus leis an gceantar mórthimpeall. Tabharfaidh coimisiúin cuireadh do 6 ealaíontóirí saothar a dhéanamh faoin bhfoirgneamh agus a chuid staire céad bliain ó shin.

Tá sé mar aidhm ag Building as Witness léargas nua a thabhairt ar an saol laethúil, ag baint úsáide as réimse cartlann lena n-áirítear grianghraif, nuachtáin, miontuairiscí coiste, cláir theagaisc agus mic léinn, agus cáipéisí eile ina dtugtar léargas ar shráid-dreach na ndaoine a bhí ina gconaí agus a d'oibrigh i gceantar an fhoirgnimh cháiliúil seo i gCorcaigh sa tréimhse idir 1921 agus 1924.

Conas a chuir Scoil Ealaíne Chorcaí tús lena haistear chun í féin a shaoradh ó scáth oideachais impireachta chóras South Kensington? Cén tionchar a bhí ag cuirfiúnna ar fud na cathrach le linn Chogadh Cathartha na hÉireann ar cheachtanna? Cén caidreamh a bhí ag daoine cosúil leis an ngabha geal Barry Egan le Scoil Ealaíne Chorcaí agus cén ról a bhí aige i dtáirgeadh earraí airgid Phoblacht na hÉireann a raibh tóir mhór orthu? Cén imeachtaí poiblí a chonaic an foirgneamh agus conas a mhúnlaigh siad Saorstát Éireann?

Cuirfear stair ar fáil gach seachtaine trí shuíomh gréasáin agus mheáin shóisialta Ghailearaí Ealaíne Crawford crawfordartgallery.ie

"Go minic breathnaítear ar stair mar ábhar mór agus sa tionscadal seo de chuid Ghailearaí Ealaíne Crawford ba mhaith linn féachaint go géar ar conas mar a bhí an saol san fhoirgneamh agus sa cheantar mórthimpeall sa tréimhse idir Nollaig 1921 agus Aibreán 1924. Am an-ghníomhach a bhí ann agus bhí úsáid an fhoirgnimh ag athrú agus bhí ár mbailiúchán á chur le chéile. Léiriú cumhachtach is ea iad bailiúchán ealaíne ar oibseisiúin, spéiseanna, uaillmhianta agus scéalta na n-amanna ina mbailítear iad."

Mary McCarthy
Stiúrthóir

GAILEARAÍ EALAÍNE CRAWFORD

Samhlaíochta Cruthaithí

Men of the South le Seán Keating
Le caoinchead Ghailearaí Ealaíne Crawford

RTÉ

D'oibrigh RTÉ leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar réimse tionscnamh le linn Dheich mBliana na gCuimhneachán. Craolann siad imeachtaí comórtha Stáit éagsúla go beo agus léirionn siad ábhar agus clár cultúrtha seirbhíse pioblí ar ardchaighdeán i stíl chlár faisnéise ar aon dul le haidhmeanna Dheich mBliana na gCuimhneachán. Soláthraíonn RTÉ neart taithí agus ábhar cartlainne a thacaíonn na cláir agus na comhpháirtithe éagsúla atá ag glacadh páirte i nDeich mBliana na gCuimhneachán.

D'fhorbair RTÉ clár cuimsitheach a chlúdaíonn an chuid dheireanach de Dheich mBliana na gCuimhneachán le hábhar fíorasach agus cultúrtha a théann i ngleic le haidhmeanna agus téamaí chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán. Léirithe inmheánacha agus neamhspleácha atá sna cláir agus d'fhéadfadh na tionscadail a roghnaíodh lucht féachana leathan a mhealladh ar ardáin iomadúla. I measc na mbuaicphointí, beidh:

Líne an Chontae

Tionscadal ilardáin is ea é seo agus tugtar léargas ann ar shaol cultúrtha an oileáin, ar bhonn contae, ag cruthú oidhreachta a léiríonn cé muid féin ag an am seo 100 bliain tar éis bhunú an Stáit. Forbrófar é le linn 2022 agus 2023. Léireoidh an tionscadal nádúr cultúrtha uathúil gach contae 100 bliain ó bunaíodh an Stáit, ag cruthú oidhreachta a rachaidh chun sochair do ghlúnta amach anseo.

Tabharfar cuntas comhaimseartha ar an saol i gcontaetha éagsúla bunaithe ar ábhar atá ann cheana féin agus infheistíocht dhíreach i saothar nua coimisiúnaithe ealaíontóirí, scríbhneoirí agus filí áitiúla.

Tionscadal an Chogaidh Cathartha

Forbrófar dhá chlár teilifíse agus sraith iomlán ar líne (podchraoltaí, tacaíochtaí agus acmhainní ar líne agus ábhar saincheaptha breise) in 2022. Déanfar an tionscadal ilardáin, ildhisciplíneach staire é seo i gcomhar le scoláirí bunaithe ar fhianaise gharghaolta dhaoine a ghlac páirt sa Chogadh Cathartha. Beidh cartlann ar líne mar chuid den tionscadal ina mbeidh fianaise gharghaolta dhaoine a ghlac páirt sa Chogadh Cathartha agus tá sé á léiriú i gcomhar le Roinn Béaloidis Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Baintreacha na Réabhlóide

I gcomhar leis an gCartlann Náisiúnta agus bunaithe ar thaighde bunaidh, tugann an Dr Lindsey Earner-Byrne léargas ar an deireadh a bhí in ann do bhaintreacha ar maraíodh a bhfir céile tar éis Éirí Amach 1916 agus ar baineadh amach as an stair iad faoi dheireadh an Chogaidh Chathartha.

Tacóidh sé seo le tionscadal Mhná 100 na Roinne a léiríonn ról na mban sa tréimhse réabhlóideach.

An Saol le linn an Chogaidh Chathartha

Clár stair shóisialta teilífíse RTÉ i sé chuid a thugann léargas cruinn ar an saol in Éirinn le linn na tréimhse réabhlóidí ag baint úsáide as íomhánna, físeáin agus ceol na linne sin.

DIGITEACH



Comhshaothar digiteach RTÉ/UCC

Tá RTÉ agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ag comhoibriú faoi láthair ar shraith de dhá chlár faisnéise a léireofar ar RTÉ 1 i mí Dheireadh Fómhair 2022, bunaithe ar Atlas of the Irish Revolution, a d'fhoilsigh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Déanfaidh an tsraith seo comóradh ar céad bliain ó tharla Cogadh Cathartha na hÉireann. Inseofar scéal iomlán an imeachta thragóidigh seo sa chlár faisnéise, le staraithe agus tráchtairí ag cur an scéil i gcomhthéacs agus ag tabhairt dearcthaí nua ar an tréimhse.

Chun cur le luach an chláir faisnéise, cuirfear clár suntasach ar líne ar fáil chomh maith, mar aon le hábhar saibhir an Chéad Chogaidh Dhomhanda, 1916, Chogadh na Saoirse agus an Ghorta Mhóir atá ar fáil cheana féin ar www.rte.ie/history.

Tógfaidh tionscadal an Chogaidh Chathartha ar thionscadal rathúil Chogadh na Saoirse agus cuirfear ailt inrochtana, mhealltacha agus oideachasúla ar fáil ann ó staraithe, ina mínítear agus ina ndéantar anailís ar phríomhimeachtaí agus phríomhcheisteanna an Chogaidh Chathartha, ó aslonnú Fhórsaí na Corónach go Cath Bhaile Átha Cliath, ó bhás Michael Collins go bunú Shaorstát Éireann agus níos mó.

Ardáin Rannpháirtíocht Phoiblí

www.decadeofcentenaries.com
Bainistíonn Stair Éireann suíomh gréasáin Dheich mBliana na gCuimhneachán a chuireann eolas ar fáil don phobal, agus tá sé maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

100 Bliain Éireann

Is nuachtán stairiúil ar líne é Tionscadal Chéad Bliain Éireann ina ndéantar cur síos ar shaol na hÉireann céad bliain ó shin. Seoladh an tionscadal 10 mbliana seo i mí na Bealtaine 2013 agus léirigh foireann taighdeoirí ó Choláiste Bostúin na hÉireann an suíomh gréasáin atá maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar https://www.rte. ie/ centuryireland/

Tá neart amharc-ábhair, ábhar cartlainne agus ábhar comhthéacsúil air chun tacú le tuairisciú nuachta ar an saol in Éirinn 100 bliain ó shin chun tuiscint a thabhairt ar chastacht shaol na hÉireann sna blianta idir 1912 agus 1923. Cuireann cláir RTÉ agus ábhar ó chartlann RTÉ le hábhar Chéad Bliain Éireann.

Forlíonadh Nuachtáin 'Céad Bliain' an Irish Times

Tá an Irish Times ag leanúint lena shraith d'fhorlíontaí speisialta nuachtáin chun Deich mBliana na gCuimhneachán 1912–1923 a chomóradh. Chomh maith le díolacháin mhiondíola, scaipeadh na foilseacháin seo ar gach iar-bhunscoil in Éirinn, le tacaíocht ón Roinn Oideachais; agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.



Teamghálaithe agus acmhainní tábhachtacha

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

- www.gov.ie
- @DeptCultureIRL
- @DepartmentofCultureIRL
- tourism.culture.gaeltacht
- departmentofcultureirl

An Roinn a dhéanann comhordú náisiúnta ar Chlár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid an rialtais a fhorbairt agus a chur i gcrích agus is féidir teacht orainn ar commemorations@tcagsm.gov.ie maidir leis an doiciméad seo nó le haon ábhar eile a éiríonn faoin gclár.

Deich mBliana na gCuimhneachán

- www.decadeofcentenaries.com
- @Centenaries
- @decadeofcentenaries

Déanann History Ireland bainistíocht ar an acmhainn shainiúil seo i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus faisnéis ar líne faoi Chlár Dheich mBliana Chomóradh an Chéid a chur ar fáil.

Mná100

Is suíomh tiomnaithe ar líne é www.mna100.ie, ardán a leagann béim ar ról na mná sna príomh-chuimhneacháin le bheith cuimhne thar an gcuid eile den clár céad bliain.

Tá scéalta nua na mban a bhí gníomhach in Éirinn le feicáil ann, chomh maith le mná thar lear a chuidigh le hÉirinn san fheachtas ar son an neamhspleáchais le linn na mblianta ríthábhachtacha seo. Breathnaíonn an suíomh gréasáin ar conas imeachtaína blianta sin a mhúnlaigh saol na mban a mhair i rith an ama seo agus iad siúd a tháinig ina dhiaidh.

Bailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata

- www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/military-service-pensions-collection-1916-1923
- @mspcblog

Soláthraíonn an Bailiúchán, de bheagnach 300,000 comhad iarratais agus cáipéisíocht tacaíochta, pictiúr mionsonraithe de ghníomhaíochtaí Óglaigh na hÉireann ar a n-áirítear an tArm Náisiúnta, Irish Volunteers, agus Irish Citizen Army agus fórsaí frithchonartha i rith na tréimhse ó Éirí Amach 1916 go deireadh an Chogaidh Chathartha i 1923.

An Chartlann Mhíleata

- www.militaryarchives.ie/home
- @dfarchives
- dfarchives

Is í an Chartlann Mhíleata an áit oifigiúil a bhfuiltear ag cur taifid Óglaigh na hÉireann, na Roinne Cosanta agus Bhord na nArm-Phinsean i dtaisce.

Century Ireland

- www.rte.ie/centuryireland/
- @CenturyIRL

Cuidíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le Century Ireland, tionscnamh ar líne mar a bheadh páipéar nuachta stairiúil ann trína gcuirtear i láthair scéal shaol na hÉireann céad bliain ó shin, arna fhoilsiú uair sa choicís ag dream taighde in Boston College agus á chur i láthair an phobail ag RTÉ.

Tá snátha scéil leagtha amach ag an lucht taighde agus ábhar cartlainne a chuireann leo sin sonraithe don bhliain 2021. Tá ábhar anailíse agus gné-ailt á scríobh agus á choimisiúnú acu a chuirfidh leis an tuairiscíocht staire.

Forais Chultúrtha

Cliceáil anseo

Comhordaitheoirí údaráis áitiúil de Deich mBliana Céad Bliain 2012-2023

Cliceáil anseo